

Tuarascáil Bhliantúil | 2006 agus Ráitis Airgeadais



**2** Buaicphointí 2006 **4** Ráiteas an Chathaoirligh **6** Tuairisc ón Stiúirthóir Gníomhach **10** Baill an Údaráis  
**11** Baill na gCoistí **12** An Bhainistíocht Sinsearach **13** Ionaid na nOifigí **14** Cairt na hEagraíochta  
**19** Sprioc 1 – Iomaíocht agus Nuáil i gcúrsaí Talmhaíochta **33** Sprioc 2 - Iomaíocht, Nuáil,  
Sábháilteacht agus Caighdeán an Bhia **37** Sprioc 3 - Córais Talmhaíochta Inbhuanaithe  
**49** Sprioc 4 - Inmharthancht na Tuaithe **55** Sprioc 5 - Acmhainneachtaí Oibríochtúla agus an Nuáil  
**66** Comhlíonadh Oibleagáidí Reachtúla **67** Ráitis Airgeadais **76** Nótaí leis na Ráitis Airgeadais



## Ráiteas Misin

Eolas nua a ghiniúint agus a fheidhmiú ar mhaithe le forbairt inmharthana na talmhaíochta agus an tionscail phróiseála bia chun go mbeidh sé in ann freagairt go tairbheach d'éilimh agus do riachtanais na dtomhaltóirí agus a chion a dhéanamh ar son eacnamaíocht agus sochaí bheoga faoin tuath.





## Buaicphointí 2006

Tá Teagasc tar éis atheagrú agus infheistíocht a dhéanamh chun é féin a a chur sa riocht is go mbeidh sé in ann seirbhísí den scoth a chur ar fáil do thionscal na talmhaíochta agus an bhia amach anseo. Tugann an eagraíocht buntacaíocht i gcónaí d'earnáil talmhaíochta a fhorbairt a bheidh iomaíoch, nuálach agus dírithe ar thomhaltóirí.


### Ríomhcholáiste

Chríochnaigh 400 mac léinn san iomlán Teisteiméireacht Shainchuspóra FETAC Leibhéal 5 sa Táirgeadh Ainmhithe agus Barr (100 uair an chloig) a bhí faighte acu le seachadadh ar-líne. Chuaigh siad ar fad beagnach ar aghaidh agus chríochnaigh siad Teisteiméireacht Shainchuspóra FETAC Leibhéal 6 sa Ghnó Feirme.



### Ócáidí 2006

D'éirigh thar cionn le hÓcáid Talmhaíochta agus Bia 06?? a reachtáladh i gColáiste Chill an Dáltúnaigh. Bhí breis is 40,000 cuairteoir ann, agus tugadh léiriú ar raon cuimsitheach gníomhaíochtaí de chuid Teagasc.



### Comhairliúchán

D'ardaigh líon na gcliant go dtí 43,000 in 2006, ardleibhéal nua sna blianta deireanacha seo. Tá na cláir teicneolaíochta gnó agus asitrithe á dtiomáint chun cinn i gcónaí, ach thacaigh seirbhís comhairliúcháin Teagasc le 23,500 cliant de chuid REPS agus chuidigh siad le 25,500 feirmeoir lena gcuid iarratas faoin Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme. Agus cuidíodh le 41,500 feirmeoir a nAoníocaíocht dhíchúplaithe Feirme a fháil.


Achoimre ar ócáidí comhairle poiblí				
Activity	Gníomhaíocht Déiríocht	Eallach	Caoirigh	Curaiocht
Líon	85	51	17	30
I láthair	4,340	3,695	698	1,250
<b>Cruinnithe Grúpa</b>				
Líon	939	180	49	70
I láthair	14,085	5,860	752	850
<b>Seimineáir</b>				
Líon	52	21	29	7
I láthair	4,100	1,392	1,522	740

### Taighde ar Bhia

Críochnaíodh BIOCLA, 5ú Tionscadal Creata an Aontais Eorpaigh, a bhí á chomhordú ag an Ionad Taighde Bia ar an gCloch Liath (Moorepark). Chun an ócáid a cheiliúradh, d'ostaigh an Chloch Liath (Moorepark) comhdháil idirnáisiúnta 'Bianna Feidhme bunaithe ar Aigéad Líonóiléach Comhchuingeach (ALC/CLA)' Bhí feabhsú suntasach ar leibhéal na lipídí folá i ndaoine a d'ith cáis ar ardleibhéal ALC, rud a léirigh na dea-thorthaí a bhaineann le cáis ALC-saibhrithe a ithe.



Struchtúr na bhFeirmeacha in Éirinn 2005



Foinse: An Roinn Talmhaíochta agus Bia



### Taighde Talmhaíochta

Rinne na heolaithe taighde táirgí déiríochta ar an gCloch Liath (Moorepark) córas íocaíochta ar bhainne a fhorbairt a d'fheifeadh do dhálaí na hÉireann, agus tá líon suntasach próiseálaithe bainne eile tosaithe á úsáid freisin. Faoin gcóras íocaíochta nua sin (Córas A+B-C), seoltar leideanna faoi éilimh an mhargaidh ar ais go dtí na táirgeoirí. Agus tugann sé deis don eolaíocht a ghabhann le póru agus le cothú na n?ainmhithe páirt níos suntasaí a imirt sa táirgeadh éifeachtach ag leibhéal na feirme, rud a théann i bhfeidhm ar an mbrabúsacht feirme freisin. Is féidir éifeachtacht an phróisis ar leibhéal na monarchan a fheabhsú go suntasach freisin, tharla gurb é an próiseálaí a bheidh ag íoc as fiortuach an bhainne i gcás an mheascáin táirgí a fheileann d'Éirinn.

# Ráiteas an Chathaoirligh



Leanann feirmeoireacht agus earnáil thalmhaíochta na hÉireann orthu ag éabhlóidí de réir mar a bhogaimid i dtreo timpeallacht ghnó atá á tiomáint ag fórsaí an mhargaidh. Tá béim an ghnó curtha ar ais go cinnte ar an méid atá an margadh sásta a íoc ar na táirgí a tháirgtear laistigh de gheata na feirme.

Tá Teagasc tar éis atheagrú agus infheistíocht a dhéanamh chun é féin a a chur sa riocht is go mbeidh sé in ann seirbhísí den scoth a chur ar fáil do thionscal na talmhaíochta agus an bhia amach anseo. Mar gheall ar an atheagrú atá déanta againn ar ár gcuid cúrsaí oideachais agus oiliúna, mar aon leis an athstruchtúrú ar ár gcuid seirbhísí comhairliúcháin, tá an eagraíocht sa riocht is go bhfuil sí in ann freastal ar riachtanais ár gcuid cliant. Is fearr is féidir linn freastal ar riachtanais ár gcuid custaiméirí anois, custaiméirí atá ag déanamh athstruchtúrú ar a gcuid gnó chun freastal ar na dúshlán amach anseo.

Leis an infheistíocht atá déanta againn in áiseanna nua taighde bith-theicneolaíochta i gcaitheamh na bliana, táimid chun tosaigh maidir leis an taighde i gcúrsaí bia agus talmhaíochta araon. Is é an taighde an fórsa tiomána i dTeagasc, agus i dtalmhaíocht na hÉireann. Tá faoinár gcuid clár Taighde Talmhaíochta cur leis an éifeachtacht ar fheirmeacha. De réir mar a mhéadaíonn ar spéis lucht talmhaíochta agus tionscal an agra-bhia sa mhargadh, is ag dul chun cinn atá an taighde a dhéanann Teagasc, agus ár gclár taighde bia nuálach go háirithe. Tá Teagasc ag teacht suas le freagraí ar na ceistanna casta sa timpeallacht úr sin.

Tá Teagasc tar éis a bheith ag comhoibriú i ndlúthpháirt le roinnt comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí, indibhidí agus cuideachtaí i dtionscail na talmhaíochta agus an bhia. Rud fíor-riachtanach do Teagasc iad na nascachtaí sin agus a chlár á sheachadadh dár gcuid cliant agus páirtithe leasmhara.

Ag an lá oscailte i gCill an Dáltúnaigh, Bia agus Talmhaíocht 06, ?? Agriculture and Food 06, an lá ab fhaide sa bhliain, léiríodh go soiléir fíor-spéis na bhfeirmeoirí sa taighde a dhéanann Teagasc, agus a ábharthaí is atá obair Teagasc do thionscail na talmhaíochta agus an bhia.

Ba mhór againn treoir agus cúnaimh an Aire Talmhaíochta agus Bia, Máire Ní Chochláin, TD, i gcaitheamh na bliana. Agus tá neart déanta ag an dá Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta agus Bia, Brendan Smith TD agus Mary Wallace TD, agus gabhaim buíochas leo as a gcuid tacaíochta i gcónaí.

Tá an-chomhoibriú ann idir Teagasc agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia i gcónaí, ar gach aon leibhéal, le Tom Moran, Rúnaí Ginearálta na Roinne Talmhaíochta agus Bia, agus lena chuid oifigeach sa Roinn. Féachann siad chuige gur seirbhís den scoth a chuireann Teagasc ar fáil dá chustaiméirí. Agus gabhaim buíochas ar leith le Jim Beecher, Rúnaí Cúnta Ginearálta sa Roinn, agus ball den Údarás, as a bhfuil déanta aige i gcaitheamh na bliana.


D'éirigh le Teagasc obair go héifeachtach le roinnt comharchumann agus cuideachtaí ar scata clár i bpáirt. Tá na naisc sin leis an tionscal tráchtála an-tábhachtach i gcónaí agus cinntíonn siad go ndéanann ár gcuid gníomhaíochtaí freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Tá rithábhacht lenár gcomhoibriú leis na hollscoileanna agus leis na hinsititiúidí taighde maidir le faisnéis a chomhroinnt agus maidir leis an mbonn eolais i gcoitinne laistigh den eagraíocht a mhéadú.

Fáiltím roimh an deis buíochas a ghabháil le Jim Flanagan as a bhfuil déanta aige ar son Teagasc i gcaitheamh na gceithre bliana a chaith sé ina Stiúrthóir ag Teagasc, agus é ag gabháil don nuáil agus d'athstruchtúrú na heagraíochta. Ceann dá mhóréachtaí ba ea an cheanncheathrú a athlonnú i bPairc na Darach, tionscadal a láimhseáladh go healaíonta faoina cheannas. Tá an-mheas againn ar a bhfuil á dhéanamh aige i gcónaí maidir le plean Teagasc d'fhís an taighde, a chuirfidh go mór le cumas taighde na heagraíochta i gcúrsaí talmhaíochta agus bia araon.

Tá mé an-bhuíoch do Tom Kirley, an Stiúrthóir Gníomhach, a bhí i mbun bhainistíochta na heagraíochta ó Mheán Fómhair seo caite. Léirigh an fhoireann bhainistíochta agus an fhoireann ar fad díocas agus tiomantas ina gcuid oibre, agus tá siad tar éis Teagasc a neartú go mór.

Tá mo chuid comhghleacaithe ar Údarás Teagasc fial i gcónaí lena gcuid ama agus déanann siad a gcion ar mhaithe leis an eagraíocht a fheabhsú. Gabhaim buíochas le Ruaidhrí Deasy as a bhfuil déanta aige i gcaitheamh na mblianta agus é ina bhall den Údarás, agus fáiltím roimh Derek Deane a tháinig ina chomhalta den bhord i gcaitheamh na bliana. Déanaim comhchairdeas le Joe Fitzgerald as a bheith athcheaptha le haghaidh tréimhse eile. Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe uile ar an Údarás as a bhfuil déanta acu sa bhliain atá faoi chaibidil.



Dr Tom O Dwyer  
Cathaoirleach



# Tuairisc ón Stiúrthóir Gníomhach



Tom Kirley  
Stiúrthóir Gníomhach

Bliain an-ghnóthach ab ea 2006 do Teagasc agus leibhéal fíorard gníomhaíochta ar fud na heagraíochta uile.

Bhí ceann de na blianta ba ghnóthaí riamh ag an tseirbhís chomhairleach, agus d'éirigh léi spriocanna tábhachtacha a bhaint amach d'fheirmeoirí agus na cláir aistrithe teicneolaíochta agus gnó a thiomáint chun cinn ag an am céanna. Tá 43,000 cliant ann anois, leibhéal úr do na blianta deireanacha seo. Thacaigh seirbhísí comhairleacha Teagasc le 25,300 cliant de chuid REPS agus chuidigh le 25,000 feirmeoir le hiarratais faoin Scéim um Bainistíocht dramhaíola feirme. Cuidíodh le 41,500 feirmeoir ar an iomlán chun a nÍocaíocht Shingil Feirme díchúplaithe a bhaint amach.

Bliain mheasctha a bhí ann dár gcuid cliantaí arbh fheirmeoirí iad. Bhí titim ar phraghas an bhainne sa chéad leath den bhliain, ach tháinig na margáí déiríochta chucu féin agus an bhliain ag druim chun deiridh. Bliain réasúnta a bhí ag na táirgeoirí mairteola agus tháinig ardú suntasach ar phraghas an ghráin i ndiaidh an fhómhair, ionas go raibh an earnáil sin níos dóchasaí ná mar a bhí le roinnt blianta. Os a choinne sin tá na feirmeoirí ag breathnú na bhféidearthachtaí maidir lena ngnó agus maidir lena dteaghlaigh i gcónaí. Tá Teagasc tar éis cuidiú le 5,200 feirmeoir sa phróiseas sin trí bhíthin chlár na roghanna. Tá rún ag seasca faoin gcéad de na feirmeoirí sin athrú a dhéanamh agus a gcuid éifeachtachta bainistíochta airgeadais agus tionscadail a fheabhsú.

Cuireann an Suirbhé Náisiúnta Feirmeoireachta sonraí cinnte ar fáil maidir leis na leibhéil ioncaim ar fheirmeacha. Foilsíodh an NFS i Meán Fómhair 2006. B'iad na príomhthorthaí gur mhéadaigh an tIoncaim Teaghlaigh Feirme go dtí ?22,460 agus gurb iad na hÍocaíochtaí díreacha faoi deara 94% den ITF/FFI. Ní mór a chur san áireamh áfach go bhfuair na feirmeoirí íocaíocht na haon uaire arbh fhiú ?5,266 in aghaidh na feirme í ar meán an bhliain sin ag éirí as riaráistí ó íocaíochtaí díreacha díchúplaithe 2004 a bheith á dtabhairt ar aghaidh.

Bhí méadú 18 faoin gcéad ar an olltáirgeadh/feirme agus ardú 5% in 2005 ar na costais dhíreacha agus ar na forchostais. I gcás 55% de na feirmeacha bhí fostaíocht lasmuigh den fheirm ag an bhfeirmeoir nó ag an gcéile pósta.

## Taighde

Is ar an taighde talmhaíochta i gcónaí a bhunaítear an chomhairle ghnó agus theicniúil a aistrítear go dtí na feirmeacha. Ar chórais táirgthe féarbhunaithe atá an fócas I gcás na déiríochta. Sainaithníodh bainistiú níos fearr ar an bhféarach, laghdú ar an sadhlas féir agus forlíonadh beatha thacúil, aithreacha ar ardséan póraíochta eacnamaíoch agus laghdú ar chostais innealra ar na bealaí ab fhearr chun cur leis an mbrabús ar na feirmeacha déiríochta.

Rinne an eagraíocht cion tábachtach go luath sa bhliain ar son iarracht an rialtais leasuithe a fháil ar an ionstraim reachtúil a fhorfheidhmiú an Treoir maidir le Níotráití. Ar iarratas ón Aire Talmhaíochta agus Bia rinne an fhoireann taighde doiciméad a ullmhú faoin bhfosfar agus nítridín a bhí mar bhonn eolaíochta leis na leasuithe. Tá tábhacht leis an scaipeadh Fosfair (P) maidir le féarthailte agus barra do chaomhnú na timpeallachta; ar anailís ar an ithir agus ar riachtanais na mbarr a bhunaítear é.



Mar thoradh ar thurgnamh mórsála thar cheithre bliana in 32 ionad ar fud na hÉireann thángthas ar na rátaí leasúcháin a theastaíonn chun an toradh barrmhaith a thabhairt agus inneachar P luibheach, do mheascáin éagsúla cineálacha ithreach agus tástálacha P ithreach.

I gcás formhór na n'ithreacha agus i gcás na leibhéal ithreach P uile, fuarthas go raibh na rátaí leasúcháin a bhí ag teastáil chun toradh poitéinsiuil 95% a thabhairt níos ísle ná iad siúd a bhí ag teastáil chun tiúchana P luibheach 0.3 nó 35% a thabhairt – an leibhéal a theastaíonn do bha ardtáirgeachta. Rátaí leasacháin sách cosúil a bhí ag teastáil chun toradh poitéinsiuil 95% a thabhairt agus le P luibheach 0.3 nó níos airde le chéile. Bhí an-tábhacht le torthaí an taighde sin san argóint eolaíoch ag Teagasc chun go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar an ionstraim reachtúil tosaigh chun forfheidhmiú a dhéanamh maidir leis an Treoir maidir le Níotráití.

Cuireadh spéis an athuir anuraidh ar na féidearthachtaí maide le barra a úsáid i gcomhair fuinnimh. Mar thoradh ar obair thaighde a rinneadh le roinnt blianta bhí Teagasc in ann comhairle neamhspleách neamhchlaonta a chur ar fáil d'fheirmeoirí faoin tionscal sin atá ag teacht chun cinn. Féachfaidh Teagasc le cláir a reachtáil i gcónaí a dhéanfaidh measúnú ar na deiseanna atá ag gabháil le barra bithbhreosla agus leis an bhfaisnéis sin a chur in iúl do na feirmeoirí.

Chinn Teagasc dul i mbun tionscadail réamhamhairc i nDeireadh Fómhair, b'inn Teagasc 2030. Faoin tionscadal sin beidh Teagasc agus na geallsealbhóirí eile sa tionscal ag obair chun teacht ar chomhthuisicint faoi na dúshláin fhadtréimsheacha atá le sárú ag tionscail na talmhaíochta agus an bhia in Éirinn. Tá dul chun déanta ó dheireadh na bliana agus tá sé i gceist go mbeidh an obair curtha i gcrích in 2008.

## Bia

Tá taighde nuálach bia á dhéanamh sa dá ionad taighde bia in Moorepark agus Baile an Ásaigh. Fuarthas 26 conradh nua taighde san iomlán faoin Measure Taighde Institiúideach Bia / Food Institutional Research Measure (FIRM), mar aon le cúig dhuais faoin tionscadal trealaimh speisialta FIRM. Rinneadh an taighde feidhmeach bia i dTeagasc agus i gColáiste na hOllscoile Corcaigh a lánaontú nuair a bunaíodh comhpháirtíocht COC Comhpháirtíocht taighde Teagasc Bianna don Sláinte. Tá an stiúrthóireacht taighde bia ag Teagasc tar éis socruithe láidre comhoibrítheacha a fhorbairt le páirtithe eile náisiúnta agus idirnáisiúnta.



Roghnaíodh ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh chun dul i gceannas ar thionscadal ProSafeBeef arbh fhiú €17.8 milliún é agus a bhfuil 42 comhpháirtí idirnáisiúnta ann.

#### Oideachas agus Oiliúint

Chuir Teagasc seirbhís fhiúntach oideachais agus oiliúna ar fáil d'earnálacha na talmhaíochta, na gairneoireachta agus an bhia i gcaitheamh na bliana. Bhain 4,560 mac léinn ar an iomlán dámhachtana FETAC. Bhí breis is 400 mac léinn san eCholáiste nua agus d'fhreastail beagnach 10,000 aosach ar chúrsaí oiliúna REPS. Cuireadh tús leis an Ardteastas Talmhaíochta nua, cúrsa dhá bhliain ar leibhéal 6, i gcoláistí agus in ionaid áitiúla i Meán Fómhair 2006 nuair a tugadh isteach ionadú ar an bhfeirm bhaile

#### Forbairt na hEagraíochta

Lean Teagasc lena chuid infheistíochta agus nuachóirithe ar a chuid áiseanna in 2006. T.D., in June of 2006. Rinne an tAire Talmhaíochta agus bia, Máire Ní Chochoiláin, TD, an An tIonad nua don Eolaíocht Bhitheach i bPáirc na

Darach a oscailt go hoifigiúil i mí an Mheithimh. Críochnaíodh an tIonad Oiliúna agus Comhdála i mBaile an Ásaigh agus tá sé ar oscailt go hoifigiúil ó dheireadh na bliana. Rinneadh infheistíochtaí eile in áiseanna nua oiliúna agus blite i gCill an Daltúnaigh, agus in oifigí do thaighdeoirí i saotharlann Chaisleán Bhaile Sheáin. Scoiltfear an fheirm thaighde i mBaile Átha an Rí leis an mbóthar nua atá beartaithe. Rinneadh dul chun cinn maidir le talamh a dhíol leis an IDA/UFT i gcaitheamh na bliana, chuathas fad le Conradh a dhéanamh, agus cuireadh i gcrích é ó bhí deireadh na bliana ann. Beidh os cionn 300 acra cailte ag Teagasc agus táimid ag obair féachaint an féidir linn talamh eile a fháil ina áit chun freastal ar riachtanais na gclár taighde i mBaile Átha an Rí. An t-airgead a gheofar ar dhíol na talún, déanfar é a infheistiú in áiseanna chun an eagraíocht a nuachóiriú agus a threallmhú don am atá le teacht.

#### Ócáidí

Bhí leibhéal nua ann maidir leis an bhfreastal ar ócáidí in 2006. D'éirigh thar cionn le hócáid Talmhaíochta agus Bia 2006 a bhí ar siúl i gcoláiste Chill an Daltúnaigh ar an 21 Meitheamh. Tháinig breis agus 40,000 cuairteoir agus léiríodh an raon leathan gníomhaíochtaí a bhfuil Teagasc páirteach iontu. Reachtáladh laethanta oscailte eile agus siúlóidí feirme sa Ghráinseach, Páirc na Darach, sa Chloch Liath (Moorepark), Baile Átha an Rí, Caisleán Bhaile Sheáin agus Cionn Sáile i gcaitheamh 2006.

D'eagraigh Stiúrthóireacht an Taighde Bhia dhá ócáid thábhachtacha. B'iad ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh an príomheagraí don Chomhdháil Idirnáisiúnta in Eolaíocht agus Teicneolaíocht na Feola a reachtáladh i mBaile Átha Cliath mí Lúnasa. Tionóladh lá tionscail, faoin teideal "Intelligence in Food" sa Chloch Liath, mí na Nollag 2006..

#### Seirbhís den Scoth

Tá rún ag Teagasc seirbhís den scoth a chur ar fáil dá chustaiméirí. Rinneadh suirbhéanna ag an iliomad ócáidí i gcaitheamh na bliana chun aiseolas a fháil ónár gcliaint. I suirbhé a rinneadh ar 1,620 custaiméir feirmeora mí na Nollag 2006, léiríodh go raibh céatadán ard de na freagróirí an-sásta (72%) nó sásta (23.5%) le caighdeán na seirbhíse a bhí le fáil acu. Níor thug ach 2% le fios go raibh siad míshásta agus 1.5% an-mhíshásta.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú agus buíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile i dTeagasc as a dtiomantas dá gcuid oibre, agus as feabhas na seirbhíse a chuireann siad ar fáil do thionscail na talmhaíochta agus an bhia in Éirinn.

Tom Kirley  
Stiúrthóir Gníomhach

Is ar an taighde talmhaíochta i gcónaí a bhunaítear an chomhairle ghnó agus theicniúil a aistrítear go dtí na feirmeacha.



# Baill an Údaráis ag Teagasc



Dr. Tom O'Dwyer,  
Cathaoirleach



An tUas. James Beecher  
Ainnmní an Aire



An tUas. James J. Brett  
Ainnmní an Aire



An tUas. Stephen Flynn  
Ionadaí Foirne



An tUas. Derek Deane\*  
Ainnmní ón IFA



Ms. Anna May McHugh  
Ainnmní an Aire



An tUas. Joe Fitzgerald  
Ainnmní ón ICMSA



An tOll. Patrick Fottrell  
Ainnmní an Aire



An tUas. Michael O'Dwyer  
Ainnmní ó ICOS



An tUas. Patrick J. Kelly  
Ainnmní Mhacra na  
Feirme



An tUas. Jerry Henchy  
Ainnmní an Aire

\* Tháinig in áit Ruaidhri Deasy, Bealtaine 2006

# Ballraíocht na gCoistí ar Údarás Teagasc

## An Coiste Tuarastail

Dr. Tom O'Dwyer (Cathaoirleach)  
An tUas. James Beecher  
Ms. Anna May McHugh  
An tUas. Michael O'Dwyer

## An Coiste Comhairleach agus Oiliúna

An tUas. Patrick J. Kelly (Cathaoirleach)  
An tUas. Derek Deane  
An tUas. Joe Fitzgerald  
An tUas. Stephen Flynn  
Ms. Anna May McHugh  
An tUas. Michael O'Dwyer

## An Coiste Taighde

An tOllamh Patrick Fottrell (Cathaoirleach)  
An tUas. James Beecher  
An tUas. Derek Deane  
An tUas. Stephen Flynn  
An tUas. Jerry Henchy  
An tUas. Patrick J. Kelly  
Ms. Anna May McHugh

## An Coiste Iniúchta

An tUas. James Brett (Cathaoirleach)  
An tUas. James Beecher  
An tUas. Jerry Henchy  
Dr. Tom O'Dwyer

## An Coiste Airgeadais

An tUas. James Beecher (Cathaoirleach)  
Dr. Tom O'Dwyer  
An tUas. Stephen Flynn  
An tUas. James Brett  
An tUas. Joe Fitzgerald





# Bainistíocht Shinsearach Teagasc



An tUas. Tom Kirley  
Stiúrthóir Gníomhach\*



An tUas. Pat Boyle  
Ceann Stiúrthóireacht  
na Seirbhísí  
Comhairleacha



An tUas. Donal Carey  
Ceann Stiúrthóireacht  
Oiliúna agus Forbartha



An Dr Seamus Crosse  
Ceann Stiúrthóireacht an  
Taighde Talmhaíochta



An Dr Liam Donnelly  
Ceann Stiúrthóireacht an  
Taighde Bhia



An tUas. Tony Mc Mahon  
Ceann Gníomhach  
ar an Stiúrthóireacht  
Riaracháin\*\*




An tUas. Tom Collins  
Ceann Stiúrthóireacht  
na Seirbhísí  
Corparáideacha agus  
Bainistíochta\*\*\*

\* Ceapadh Tom Kirley ina Stiúrthóir Gníomhach i Meán Fómhair 2006, ar scor do Jim Flanagan.

\*\* Ceapadh Tony McMahon ina Cheann Gníomhach Riaracháin i Meán Fómhair 2006.


\*\*\* Ceapadh Tom Collins ina cheann ar sheirbhísí Corparáideacha agus Bainistíochta i nDeireadh Fómhair 2006 chun folúntas a líonadh de dheasca bhás obann Peter Seery. An Dr. Lance O'Brien a bhí ina Cheann Gníomhach ar Sheirbhísí Corparáideacha agus Bainistíochta ó Mhárta go Meán Fómhair 2006.

# Léarscáil na Suíomh



# Cairt na hEagraíochta

## Cairt Eagraíochta






## Réamhrá

Tá an Tuarascáil Bhliantúil do 2006 tógtha timpeall ar na spriocanna a bhfuil cur síos orthu sa Ráiteas Straitéise ag Teagasc do 2007-2007. Is i gcomhthéacs na spriocanna sin a chuirtear síos ar na heochairghnóthachtálacha agus forbairtí i gcás na Stiúirthóireachtaí Taighde Talmhaíochta, Taighde Bia, Oilúint agus Forbairt, Seirbhísí Comhairleacha, Corparáideacha agus Bainistíochta, agus Riaracháin.

Easportálacha de Tháirgí Talmhaíochta Áirithe, 2006



Source: Dept. of Agriculture and Food

# Spríoc 1 – Iomaíocht agus Nuáil i gcúrsaí Talmhaíochta

# 1



Buntacaíocht a thabhairt d'earnáil talmhaíochta a fhorbairt a bheidh iomaíoch, nuálach agus dírithe ar thomhaltóirí. Feimhmeoidh Teagasc straitéisí taighde, comhairleacha, oideachais agus oiliúna chun an talmhaíocht phríomhúil a fhorbairt, agus an ghairneoireacht agus an fhóraoiseacht san áireamh.

Direoidh na straitéisí taighde ar na teicneolaíochtaí laghdaithe costais agus na gormchlónna táirgthe is déanaí sa taighde agus sna cleachtais bhainistíochta feirme is nua-aimseartha a aistriú fad le hearnáil na feirmeoireachta tráchtála.

Cuirfear cúrsaí tríú leibhéal ar fáil mar aon le gairmchúrsaí oiliúna a thabharfaidh scileanna dea-chleachtais san fheirmeoireacht nua-aimseartha d'iontrálaithe nua i gcúrsaí talmhaíochta agus gairneoireachta.



Ba cheart go dtabharfadh feabhsú ar chaighdeán an fhéir leibhéil níos airde



## TAIGHDE TALMHAÍOCHTA

### DÉIRÍOCHT

#### Ag Pórú Bó Déiríochta

Tá arduithe suntasacha ar an tairgeadh bainne in aghaidh an ainmhí mar gheall ar an roghnú i gcomhair bainne, ach tá an torthúlacht tar éis laghdú de réir mar a aistrítear na cothaithigh sna ba i dtreo an táirgthe ionas gurb iad cúlchistí coirp a bhíonn thíos leis, le linn na luathlachtachta go háirithe. Ar fheirm Curtin san Ionad Taighde sa Chloch Liath (Moorepark) rinneadh anailís ar stádas bith-ineirgeiteach, inchríneach agus meitibileach i gcás póirthe bó dúchais Ardtáirgeachta (AT, torthúlacht íseal) agus ón Nua-Shéalainn (NZ, torthúlacht ard), ó thréimhse dhéanach sa toircheas ar aghaidh tríd an gcéad 100 lá lachtachta.

Rinneadh sár-ubhsceitheadh ar na ba ansin. Na suthanna a bailíodh ó bha na Nua-Shéalainne, bhí siad ar chaighdeán níos fearr agus níos forbartha, rud a thugann míniú éigin ar na rátaí coimpeartha agus toirchis a bheith níos airde. Léiríonn sé go bhfuil “clárú géiniteach” i leith torthúlacht níos fearr ag baint leis na ba de phór na Nua-Shéalainne. Agus léiríonn sé freisin a thábhachtaí is atá sé tairbh IS (AI) ardtorthúlachta a úsáid agus an stoc á athsholáthar.

#### Anailís ar Chórais Déiríochta

Tá eolaithe Teagasc sa Chloch Liath (Moorepark) tar éis cuidiú le próiseálaithe bainne na hÉireann foirmli íocaíochta a fhorbairt a thugann léiriú níos cruinne ar riachtanais an mhargaidh. Chuir comharchumann Connaught Gold tús le córas íocaíochta bainne A+B-C (luach próitéine móide saille lúide costas próiseála) dá bharr, agus is dócha go ndéanfaidh na comharchumainn eile an rud céanna.

Cuireann an córas sin tosca san áireamh ar nós séasúrthacht, costais láimhseala agus uisce a bhaint, rud a d'fhéadfadh cúrsaí iomaíochta a fheabhsú. Cheana féin cuireann an Danmhairg (7%) agus an Ísiltír (15%) toisc dhiúltach i gcás toirte san áireamh ar a mbunphraghas bainne.

**Teicneolaíocht a Luacháil agus a Aistriú**  
Tá taighde ar chórais feirme a dhéanamh ar fheirmeacha déiríochta i réigiúin an iarthair agus an tuaiscirt chun limistéir a aithint a dteastaíonn tionscnaimh nua iontu maidir le haistriú na teicneolaíochta. Rinneadh obair in 2006 a léirigh go raibh an gnáth- airgeadais ar na 16 fheirm dhéiríochta roghnaithe ag teacht le caighdeán na bhfeirmeacha sa suirbhé náisiúnta; d'éirigh leis na táirgeoirí ab isle costas áfach brabús 10.4 c/l a bhaint de bhreis ar a raibh á fháil acu siúd leis na costais ab airde.

Ar na príomhbhealaí chun cur leis an mbrabús, aithníodh bainistiú níos fearr ar an bhféarach, laghdú ar an sadhlas féir agus forlíonadh beatha thacúil, aithreacha ar Ardséan Póraíochta Eacnamaíoch a úsáid agus laghdú ar chostais innealra.

#### Bleán Uathoibríoch

Tá an Chloch Liath (Moorepark), i gcomhar le Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla in Ollscoil Chathair Átha Cliath, i mbun próiseas a fhorbairt don bhleán a fheilfidh don táirgeadh bainne féarach-bhunaithe. Le gur féidir na ba láimhseáil sách sciobtha ní mór don sás na sineadán a shocrú go gasta, agus na ceithre shine uile a aimsiú in éineacht

Córas radharc-bhunaithe a bhí in úsáid go dtí seo chun na ceithre shine uile a aimsiú go comhuaineach (bíonn na córais léasair a aimsíonn sine sa seal rómhall).



Leis an obair atá ar bun táthar tar éis teacht suas leis an gcoincheap d'ionramhálaí róbatach a bheadh in ann ceithre shineadán a láimhseáil sa seal. Sin ardán feiliúnach chun bogearraí feistithe crobhainge a dhearadh agus a fhorbairt.

**Cothú Ainmhithe agus Cáilíocht an Táirge**  
Le méaduithe ar an tiúchan de phróitéin bhainne agus d'aigéad líonoiléach comhchuingeach (ALC/CLA), comhchuid sa tsail i mbainne, is amhlaidh a chuirfeadh le luach an bhainne féin. Cé go bhfuil na leibhéil ag ardú de réir a chéile, tá an tiúchan den phróitéin bhainne níos ísle ná mar a mbeifí ag súil sa tréimhse lár samhraidh i gcónaí. Léiríonn anailís ar obair a rinneadh ar 45 feirm ó Mheitheamh go Lúnasa 2006 go bhfuil gaol idir an tiúchan próitéine bainne agus indéileáiteacht an fhéir. Ba cheart go dtabharfadh feabhsú ar chaighdeán an fhéir leibhéil níos airde de phróitéin bhainne.

D'fhéadfadh go mbeadh buntáistí sláinte do dhaoine san aigéad líonoiléach comhchuingeach. Leirigh imscrúdú go raibh an tiúchan ALC níos airde i mbainne ó bha ar fhéaraigh seachas ó bha nach raibh ar aon fhéarach (féar bainte á thabhairt don ainmhí). I mbainne na mbó a fuair sadhlas féir a bhí na leibhéil ab ísle.



## MAIRTEOIL

### Córais Inmharthana Táirgthe Mairteola

Le tairbh mhairt a dhoirtear timpeall leath na mbó déiríochta. Astu siúd is le tairbh luathfháis a dhoirtear a leath agus le tairbh mhallfháis a dhoirtear an leath eile. Bíonn an-difríochtaí sa sliocht maidir le haois agus meáchan críochnaithe agus maidir lena n'oiriúnacht do réisimí éagsúla críochnúcháin. Rinneadh measúnú ar chórais ina raibh bulláin Earraigh 16 mhí d'aois á geríochnú (1) ar féarach ar feadh trí mhí, (2) laistigh ar bheatha thacúil ad lib ar feadh trí mhí, nó (3) ar féarach ar feadh trí mhí agus ar bheatha thacúil ad lib laistigh ar feadh trí mhí.

Ní raibh pór ar bith díobh sách críochnaithe ar an bhféarach amháin; bhí na hionphórtha déiríochta agus na pórtha luathfháis sách críochnaithe tar éis trí mhí de bhia thacúil ad lib, agus bhí na bulláin mhallfháis sách críochnaithe ar fhéarach agus cúrsa de bheatha thacúil ina dhiaidh.

### Cothú Ainmhithe agus Cáilíocht an Táirge

Tá imscrúdú á dhéanamh ar na himpleachtaí sláinte féideartha do dhaoine a ghabhann le matán mairteola ó eallach a chríochnaítear ar fhéar féaraigh, agus ina mbeadh coibhneas níos airde d'aigéad líonoiléach comhchuingeach (ALC), aigéad buntáisteach, agus d'aigéid shailleacha polai-neamsháithithe seachas mar a bheadh i gcás ainmhithe a chríochnaítear ar aiste bia bunaithe ar bheatha thacúil.

I staidéar in vitro ar choipeadh cogansaí a rinneadh, fuarthas gur chothaigh plandolaí, an leagan saorola, táirgeadh níos airde d'aigéad vaicéanach ná an leagan sil ola. On uair gurb é aigéad vaicéanach an t'amhábhhar i dtáirgeadh ALC, dhealródh sé go bhféadfaí méadú ar an tiúchan ALC sa mhairtoil níos éifeachtaí ach plandolaí a úsáid seachas na slánsíolta ola.

### Géanómaíocht agus Próitéamaíocht Ainmhithe

Agus ainmhithe á n'iompar, bíonn siad faoi strus uaireanta rud a fhágann leochaileach iad maidir le galar riospráide, de bharr imdhíonacht laghdaithe b'fhéidir. Rinneadh staidéar a scrúdaigh na torthaí ar thairbh óga a bhí á n'iompar ar feadh naoi n'uaire an chloig féachaint ar bhain athrú do léiriú na ngéinte a shamhlaítear le cúrsaí cosanta agus athlasadh sna scamhóga.

Fuarthas gur méadaíodh ar léiriú na géine do neodraifilí na fola de bharr na tairbh óga a bheith á n?iompar ionas go dtreisiú le líon na neodraifilí san imshruthú. Agus bhain na heolaithe as freisin go mb'fhéidir go ngineann neodraifilí buaibheacha freagairt athlasta hipirghníomhach le linn strus an iompair, rud a léiríodh réasúnaíocht fhéideartha do leochaileacht bhreise maidir le galar agus maidir leis na pataiginí a thugann galar riospráide ach go háirithe.

**Rialú Bitheolaíoch ar ionpharaisítí caorach**  
Bíonn mórchaillteanas eacnamaíoch ann uaireanta de bharr paraisítí gastraistéigeacha trína gcuid drochiarmhairtí ar shláinte na n-uan agus ar a ndul chun cinn. Má úsáidtear frithphéistigh astu féin is féidir gurb é frithsheasmhacht ghéiniteach an toradh. Sa leathsféar theas a tugadh an fhrithsheasmhacht faoi deara i dtosach, agus sna staidéir allamuigh atá déanta ag Teagasc léiríodh ráta ard frithsheasmhachta i gcoinne frithphéisteach áirithe ar fheirmeacha caorach in Éirinn.

Dá bharr sin thosaigh taighdeoirí Teagasc ag breathnú ar na féideachtá a bhain le fungais chun na paraisítí gastraistéigeacha sna caoirigh a rialú go bitheolaíoch. Rinneadh luacháil ar 20 speiceas d'fhungas ionpharaisíteach san iomlán maidir lena gcumas uibheacha agus labhaí ceann de na príomhionpharaisítí caorach in Éirinn a ionsaí.



Fuarthas go raibh gníomhaíocht ann i gcoinne céimeanna uibhe nó labha na paraisíte caorach i gcás sé cinn de na speicis, agus tháirg siad clamadaspóir atá in ann fanacht beo agus iad ag déanamh a mbealach trí chonair an dileá sna caoirigh Ciallaíonn sé sin gur féidir na spóir a thabhairt do na caoirigh ó bhéal agus go n'eisfheartar iad san aoileach, áit a n-ionsaíonn siad na huibheacha nó na labhaí.

Táthar tar éis ceithre cinn as na sé speiceas a aimsiú in Éirinn, rud a chiallaíonn nach tabhairt isteach andúchasach a bheadh iontu. Ag céim na huibhe a ionsaíonn na ceithre speiceas sin. Mar sin, d'fhéadfaidís a bheith éifeachtach in aghaidh an phucháin ae freisin. Chun na torthaí sin a chur ag obair is gá córais éifeachtacha a bheith ann chun na clamadaspóir a tháirgeadh agus a sheachadadh, agus beidh gá le hinfheistíocht fhiúntach..



## BARRA

### AGRANAMAÍOCHT

San athbhreithniú a rinneadh ar an dul chun cinn fadtéarmach a bhain le córas táirgthe cruithneachta geimhridh ionchuir ísil, léiríodh go raibh an toradh laghdaithe roinnt ach go raibh méadú €62/ha ann ar an mbrabúsacht i gcoitinne.

### Freagairt ar fhungaicídí


Thug na dálaí aimsire laghdú i gcoitinne ar an bhfreagairt i gcoinne fungaicídí in 2006, cé gur éirigh leis na trialacha táirgí a rangú maidir le rialú galar agus corrlach táirgeachta. Sainathnódh meascáin táirgí a laghdáíonn an baol go dtiocfadh íogaireacht chun cinn sa ghrúpa fungaicídí trí-asól i leith Mycosphaerella graminicola (Septoria tritici). Léirigh na trialacha go bhfuil leibhéal éagsúla trasfhríotáíochta ann i gcoinne na pataigine sin laistigh de na trí-asóil.

### Laghdú ar an gCuraíocht

Bhí an toradh gráin chruithneachta in 2006 beagán níos fearr i gcás barr a bunaíodh le modhanna beagsaothraithe (min-till) seachas leis an ngnáth-threabhadh. An toradh sin mar aon leis na costais, an saothar agus na buntáistí caoithiúlachta atá ag gabháil leis, léiríonn sé gur cheart do tháirgeoirí cruithneachta mórsála smaoineamh ar an gcóras.

### Cineálacha nua

Léirigh triail ar chineál triteacáil go bhfuil tíopaí nua ann a thugann toradh atá cuid mhaith níos fearr ná an tsaothróg is coitianta a shaothraítear. Léirigh an taighde freisin go mbíonn freagairt chosúil i leith nitrigine ag triteacál a chuirtear san fhómhar is a bhíonn ag cruithneacht geimhridh, ach caithfear riosca breise lóisteála a chur san áireamh agus straitéis nitrigine á beartú ar an móriomlán.



### Barra cumhdaigh

Léirigh taighde ar bharr cumhdaigh gur féidir laghdú go suntasach ar an láisteadh níotráite le barr cumhdaigh mustaird seachas an ithir a fhágáil lom ar feadh an gheimhridh. Cuireadh an éifeacht a bhí ag gabháil le raon barr cumhdaigh don tréimhse gheimhridh i gcomparáid maidir leis an bhfreagairt a bhí ag barr eorna earraigh ina ndiaidh ar an leasú nitrigine, ach fuarthas nach raibh ann ach éifeacht bheag agus nach raibh sí seasta.

### An sreabhadh géinte

Taighde atáthar a dhéanamh ar shíol ola ráibe ag samhaltú an phoiténsil don sreabhadh géinte ó shuíomh síol ola ráibe luibhicíd-fhulangach geimhridh. Léiríonn an bogearra samhaltaithe go mbeidh beartais bainistíochta nua ag teastáil chun a chinntiú gur féidir le síol ola ráibe luibhicíd-fhulangach géinathraithe (GM) comhaireachtáil go héifeachtach i gcomhthreomhar le córais síol ola ráibe neamh-ghéinathraithe (neamh-GM).



## OILIÚINT AGUS FORBAIRT

B'iad FETAC a rinne bailíochtú ar na cláir reatha oideachais agus oiliúna ar fad ag Teagasc i gcaitheamh 2006, agus bronnadh dámhachtainí FETAC ar 4,560 iarratasóir ar an iomlán. Bhí breis is 3,000 mac léinn rannpháirteach i mbreisoideachas agus oiliúint agus bhí 670 rannpháirteach in ardchúrsaí. Bhí breis is 400 mac léinn ag an eCholáiste nua, agus d'fhreastail beagnach 10,000 aosach ar chúrsaí páirtaimseartha ar fud na tíre.

### Ríomhcholáiste Teagasc

Rinneadh FETAC Leibhéal 5, Teastas Sainchuspóra sa Táirgeadh Ainmhithe agus Barr (100 uair an chloig) a sheachadadh ar líne chuig 400 mac léinn. Lean siad ar fad beagnach ar aghaidh agus chríochnaigh siad FETAC Leibhéal 6, Teastas Sainchuspóra sa Ghnó Feirme (80 uair). Le Timpeallacht Foghlama Fíorúil a chuirtear na cúrsaí ar fáil, rud a éascaíonn cúrsaí riaracháin i gcás na mac léinn agus fóraim phlé ar líne. forums.



Ar an 13ú Samhain bhronn an Taoiseach Bertie Ahern meadáille Choláiste Teagasc sa Gharraidíoireacht Taitneamhachta ar Ms Caragh Walsh as a fheabhas is a chruthaigh sí ar an gcúrsa Gairneoireachta. Tá an Dr Tom O'Dwyer, Cathaoirleach Teagasc agus an Dr Paul Cusack, Príomhoide.

Bionn coláistí talmhaíochta uile Teagasc bainteach le hoiliúint scileanna praiticiúla a chur ar fáil do na mic léinn ar líne. Tá breis is 60 ríomhtheagascóir oilte anois ann chun cláir a sheachadadh sa timpeallacht fhíorúil ar líne ó earnálacha na talmhaíochta, na gairneoireachta, na foraoiseachta agus an bhia laistigh de Teagasc.

Chuir foireann an Ríomhcholáiste tús le roinnt treoirchlár rathúil in 2006 freisin. Rinneadh an tArdchúrsa Bainistíochta Sláinteachais i Sábháilteacht an Bhia ag Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh a sheachadadh i bhformáid ar líne chun modh seachadta níos solúbtha agus níos nuálaí a sholáthar seachas seisiúin thraidisiúnta sa seoa ranga. Tionscadal raathúil ba ea é agus beidh an rogha ar líne don chúrsa sin ar fáil arís in 2007. Rud eile, rinneadh an fhoghlaim ar líne a lánaontú i gclár FETAC Leibhéal 6, an tArdteastas sa Ghairneoireacht, nuair a chríochnaigh mic léinn modúil leis an timpeallacht foghlama fíorúil.

Reachtáladh FETAC Leibhéal 6, Cúrsaí Sainchuspóra sa Ghnó Feirme (80 uair) ar líne i gcomhar le coláistí Chloich na Coillte agus Phailís Chaonraí chun freastal ar éilimh na mac léinn a 180 uair d'oiliúint talmhaíochta a chur i gcrích. Bhí 34 mac léinn rannpháirteach sna cláir sin.

De bharr an éilimh gan fasach ar chlár FETAC ar líne, déanfar breis is 400 áit a thairiscint arís do mhic léinn in 2007. Ar na pleannanna atá ann don Ríomhcholáiste amach anseo, tá cúrsaí san Éanlaith Chlóis a dheardh agus a sheachadadh ar líne, forbairt bhreise a dhéanamh ar chúrsaí ar líne in earnálacha an bhia agus na gairneoireachta, agus Ríomhtheagascóirí breise nua a oiliúint.



### Iontrálaithe Óga a Oiliúint

Seachadadh cláir bhreisoideachais agus oiliúna sa Talmhaíocht, sa Ghairneoireacht, i dTógáil agus Traenáil Capall agus san Fhoroiseacht in ocht gcoláiste agus i roinnt ionad áitiúil. Cuireadh ardchúrsaí speisialaithe ar fáil freisin i mBainistíocht Tréad Déiríochta, Bainistíocht Barr agus Innealra, Bainistíocht Feirme, Bainistíocht Beostoic agus Meicniú na Talmhaíochta. Rollaigh 409 mac léinn san iomlán i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna in 2006, agus bhí 3,076 ar fad rannpháirteach sna cláir sin.

Spéisiúil go leor, chuaigh an tArdteastas sa Bhainistíocht Feirme i léig in 2006, nuair nár rollaíodh aon duine nua ann den chéad uair ó cuireadh tús leis an gcúrsa. Tá iarracht déanta, i ngeall air sin, chun mic léinn as Oirthear na hEorpa a earcú isteach sa chúrsa sin do 2007.

Tá Teagasc ag seachadadh 11 chlár ardoideachais agus oiliúna i gcomhar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta. I measc na gclár sin tá Talmhaíocht, Gairneoireacht, Eolaíocht Talmhaíochta, Gnó Talmhaíochta, Staidéar Eachaí, agus Meicniú na Talmhaíochta.

Rollaigh 198 mac léinn san iomlán i gcláir ardoideachais agus oiliúna, agus bhí 622 ar fad rannpháirteach sna cláir sin.

Eochairchodanna de na cláir uile thuas is ea rochtain, aistriú agus dul chun cinn: is féidir leis na rannpháirtithe aistriú isteach i gcúrsaí ardoideachais agus oiliúna má éiríonn leo tuillteanas nó gradam a bhaint amach, agus féadfaidh na mic léinn ardleibhéil uile dul fad le Leibhéal 8 (leibhéal céime onóracha) agus thairis ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

### Oiliúint d'Fheirmeoirí Fásta

Chríochnaigh 9,717 feirmeoir fásta ar fad cláir oiliúna agus bronnadh teastais FETAC ar 2,225 díobh. B'iad cúrsaí oiliúna REPS an chatagóir ba mhó, agus bhí 4,014 rannpháirteach ansin. Chríochnaigh 957 rannpháirtí an Clár Teastais Talmhaíochta, teastas 100 uair, agus chríochnaigh 1,062 eile an Clár Teastais sa Bhainistíocht Feirme freisin.

Seachadadh an tArdteastas Talmhaíochta d'Fheirmeoirí Páirtaimseartha i gceithre ionad déag agus bhí 447 feirmeoir rannpháirteach ann. Cuireadh na cláir sin ar siúl istóiche agus ag deireadh na seachtaine chun freastal ar riachtanais na bhfeirmeoirí páirtaimseartha.

Anuas ar an méid sin thuas, rinneadh modúil do dhaoine fásta a sheachadadh sna réimsí seo a leanas freisin: Teicneolaíocht agus Gnó, Inmharthanacht na Tuaithe, Sláinte agus Sábháilteacht, Foraoiseacht, Fiontair Mhalartacha, Teicneolaíocht na Faisnéise agus Lotnaidicídí.





### Cúrsaí nua

Cuireadh tús le hArdteastas Leibhéal 6 sa Talmhaíocht, cúrsa nua dhá bhliain, i Meán Fómhair 2006 i gcoláistí agus in ionaid áitiúla. Leis an socrúchán a bhaineann na hathruithe is mó ar an gclár, táthar tar éis laghdú ar an ngnáthshocrúchán agus tá tús curtha leis an socrúchán ar an bhfeirm bhaile rud a chinnteoidh gur eispéreas foghlama fiúntach a bheas ann.

Tá FETAC tar éis clár oiliúna obair-bhunaithe a fhorbairt agus á bhailíochtú do lucht bainte muisiriún. Feileann creat an chláir sin do chláir oiliúna obair-bhunaithe eile d'oibríthe inimirceacha sna hearnálacha uile.

### COMHAIRLE

Bliain thar a bheith gnóthach a bhí ann agus mhéadaigh an Stiúrtóireacht Comhairle ar líon iomlán a cliant go dtí breis is 43,000 agus chuir raon fairsing seirbhísí ar fáil dóibh. Cuidíodh le breis is 41,500 feirmeoir maidir le hiarratais do Scéim na hAoníocaíochta (SPS): comhlánaíodh 1,286 Monatóir Ríomhbhrabúis; tacaíodh le 350 pléghrúpa ar an iomlán agus tugadh 52,600 cuairt chomhairle indibhidiúil ar fheirmeacha cliaint. Bhí an t-ioncam 26% thar an sprioc.

Roimh dheireadh na Scéime REPS 3 i mí Dheireadh Fomhair 2006 bhí 7,300 pleananna curtha isteach ag Comhairleoirí Teagasc, 3,000 sa bhreis ar an mbliain roimhe. Spreag an Scéim um Bhainistiú Dramhaíl Feirme i bhfad níos mó suime ná mar a ceapadh. Mar thoradh ar fheachtas a comh-ordnaíodh go fiormhaith agus an-iarracht ón bhfoireann cuireadh breis is 25,000 iarratas isteach ar an SBDF (FWM)



### Déiríocht

D'fhreastail breis is 1,100 feirmeoir ar an gComhdháil Náisiúnta Déiríochta a tionóladh i Luimneach agus sa Chabhán.


Bhí baint ag an eagraíocht le comhláir le tionscal na déiríochta in 2006. Ar na páirtithe a bhí acu bhí comhcrchumainn Arrabawn, Centenary, Dairygold, Glanbia, Kerry, Lakeland/Town of Monaghan, Tipperary / Thurles, West Cork agus Wexford.

Baineadh úsáid fhorleathan as an 100 feirm mhonatóireachta déiríochta ar fud na tíre in 2006 i gcomhair siúlóidí feirme, cruinnithe pléghrúpa, oiliúint inseirbhíse do chomhairleoirí, luacháil ar an dul chun cinn teicniúil agus airgeadais indéanta agus luacháil ar na roghanna amach anseo d'fheirmeoirí déiríochta.

Tá 5,500 feirmeoir tar éis clárú lena gcuid sonraí ICBF (Cónaidhm Tógálaithe Beostoic na hÉireann) a chur ar fáil dá gcomhairleoir Teagasc; féadfaidh an comhairleoir comhairle póraíochta/síolraíochta níos sainiúla a chur ar fáil do na feirmeoirí indibhidiúla dá réir sin.

Tacaíodh le dhá chéad tríocha trí pléghrúpa déiríochta.

Tacaíonn Teagasc le táirgeoirí na ngabhar déiríochta freisin. Rinneadh 133 comhairliúcháin teileafóin agus tugadh 144 cuairt fheirme in 2006. D'fhreastail 127 duine ar shé shiúlóidí feirme agus dáileadh 127 nuachtlitir ar bhreis is 300 táirgeoir. Reachtáladh cúrsa 25 uair i



mBéal Átha hÉis agus bhí cúigear is fiche i láthair.

### Eallach seasc

Cliaint de chuid Teagasc a bhfuil monatóirí brabúis comhlánaithe acu, tá siad tar éis a gcuid brabúis a mhéadú 14% ó 2001 i leith, agus is éifeachtacht fheabhsithe theicniúil agus margú feabhsaithe faoi deara 75% den fheabhsú sin. D'éirigh leis na feirmeoirí eallaigh a bhí páirteach i gComhpháirtíocht Teagasc Dawn (a chríochnaigh in 2006 tar éis cúig bliana) feabhsú ioncaim an-suntasach a bhaint amach in imeacht na tréimhse cúig bliana.

Bhí brabúsacht fhoriomlán €27,000 níos airde per annum in aghaidh na féirme ann faoi bhliain 5. Bhíodas tar éis an brabús a mhéadú ?500 in aghaidh an heicteáir faoi bhliain 5 agus is éifeachtacht fheabhsaithe theicniúil agus margú níos fearr faoi deara 90% den fheabhsú ioncaim. Ioncaim premia faoi deara an 10% eile.

Tá buntáiste €35 an uain ag trian uachtair na bhfeirmeacha caorach a bhfuil monatóirí acu ar an trian íochtair, mar gheall ar phraghas díola níos fearr, costais tháirgthe níos ísle agus costais athchuir níos ísle in aghaidh an uain. Is ionann sin agus breis is ?21,000 d'fheirm chaorach 40 heicteár (100 acra), rud a léiríonn na

féidearthachtaí iontacha atá ann don fheabhsú ioncaim ar fhorhóir na bhfeirmeacha caorach le cur chuige teicniúil níos fearr.

Tacaíodh le 68 pléghrúpa eallaigh agus le naoi gcinn déag de phléghrúpaí caorach in 2006. Tacaíodh le timpeall 200 feirmeoirí fianna in 2006. Chríochnaigh 23 an Clár Roghanna agus tugadh pleananna don bhealach chun cinn dóibh. Eagraíodh 27 cuairt fheirme agus tháinig cúig phléghrúpa le cheile trí huair. Cuireadh dhá nuachtlitir ar fáil agus tá na táirgeoirí fíafheola uile cláraithe anois sa Scéim do Dhearbhú Cailíochta na Fíafheolae.







### An Churaíocht

Tacaíodh le 21 pléghrúpa curaíochta.

Bhí méadú suntasach ar ualach oibre na gcomhairleoirí, a bhuíochas do na cor-raigh ísle leis na barra gráin, an dúshlán a bhain le fiontar eile a chur in ionad an bhíatais agus na deiseanna nua a bhí ag gabháil le barra fuinnimh. Tá an fócas mar an gcéanna i gcónaí: Scéim na hAoníocaíochta a bharrfheabhsú, uastáirgeacht a bhaint amach agus cáilíocht bharrmhaith a bheith ann. Leagadh béim ar an gcleachtas is fearr a chothú maidir leis an teicneolaíocht agus maidir le measúnú airgeadais, agus léiríodh é ar fheirmeacha monatóireachta agus i mbullaitíní cumarsáidear nós

Tuairiscí ar Bharra (10), Nuachtlitreacha (10) agus an iliomad alt.

Tugadh isteach E-Crops, clár ríomhairithe chun barra a thaifeadh, isteach ar 50 fheirm agus tabharfaidh sé sonraí úsáideacha don Chlár Monatóireachta Brabúis.

Ceapadh speisialtóir fuinnimh in-athnuaite. Rinne sé imscrúdú ar earnálacha an fhuinnimh in-athnuaite sa Ghearmáin, Tuaisceart Éireann, RA, an tSualainn agus anseo agus labhair sé ar an topaic ag 20 ócáid ar fud na tíre.

### Bainistiú Feirme agus Forbairt agus Tacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide (TFC) d'fheirmeoirí

D'aibhsigh staidéar mionsonra an ról fiorthábhachtach atá ag Teagasc maidir le feirmeoirí a chumasú chun cur lena gcuid éifeachtachta le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Forbraíodh agus lainseáladh seirbhís nua téacscheartaíochtaí idirlín ar fud na heagraíochta a chuirfidh acmhainn teachtaireachtaí SMS ar fáil don fhoireann uile, rud a chuideoidh leo sa chumarsáid lena gcuid cliant, agus a chuideoidh freisin agus suirbhéanna agus vótáil téacsbhunaithe á dhéanamh.

Rinneadh nuashonrú agus forbairt i gcaitheamh 2006 ar raon cuimsitheach líníochtaí d'fhoirgnimh feirme agus ar áireamhán costas foirgníochta, agus cuireadh ar fáil do chliant iad trí na comhairleoirí.



Achoimre ar ócáidí comhairle poiblí				
Activity	Gníomhaíocht Déiríocht	Eallach	Caoirigh	Curaíocht
Siúlóidí Feirme				
Lion	85	51	17	30
I láthair	4,340	3,695	698	1,250
<b>Cruinnithe Grúpa</b>				
Lion	939	180	49	70
I láthair	14,085	5,860	752	850
<b>Seimineáir</b>				
Lion	52	21	29	7
I láthair	4,100	1,392	1,522	740

**An tAonad Forbartha Gairneoireachta**  
Tá conarthaí comhairleacháin ag Teagasc le 74% den 930 saothraí sa tír.

Chomhlánaigh Comhairleoirí 175 plean gnó (infheistíocht phleanáilte iomlán de €16m) ag tacú le hiarratais faoin Scéim Chúnamh Infheistíochta chun earnáil na Gairneoireachta Tráchtála a fhorbairt.

#### Torthaí

Bhunaigh mórthionscadal prótacal táirgthe in 2006 d'iomadóirí plocóidí sútha talún atá ag glacadh áit na n'athphlandaí fréamhloma. Táthar i mbun taighde ar uainiú na mbarrghearrhóg, toradh cóireálacha difriúla cothaitheach agus substráite ar fhorbairt na mbláthanna i dtráidirí plandaí ina dhiaidh, agus ar an méid torthaí a thugann siad.

#### Stoc na bPlandlann

Forbraíodh córais in 2006 chun micri-iomadú a dhéanamh ar raon tor ornáideach nua ar an margadh ar nós saothróga *Salvia*, *Erysimum*, *Liriope* agus *Tulbhagia* mar aon le plandaí neamhghnácha ar nós *Emmenopterys henri* a mbeadh féidearthachtaí tráchtála ag baint leo. Baineadh leas as an saothrú míristéama chun athghiniúint a dhéanamh ar phlandaí iomlána de dheich gcineál



Buddleia a raibh sainairíonna meathlaithe le sonrú orthu. Cuidíonn an micri-iomadú chun plandaí stoic a chur ar fáil atá saor ó bhaictéir – an tslí chun plandaí láidre ardchaighdeán a tháirgeadh.

#### Muisiriúin

Aontaíodh próiseas leis na saothróirí muisiriún agus leis na táirgeoirí múirín ar mhaithe leis an múirín a shampláil in imeacht tréimhse ama chun tástáil féachaint an bhfuil dsRNA víreasacha i láthair sna muisiriúin agus i múirín na muisiriúin. Cuireadh tús le monatóireacht ar astaíochtaí Suilfide Hidrigine ó mhúirín muisiriún caite stóráilte chun Prótacal a fhorbairt don oiliúint obairbhunaithe maidir leis an stóráil agus an láimhseáil shábháilte.



Ms. Mary Wallace T.D.,  
Minister of State, Department  
of Agriculture and Food and  
Bernard Murray, Oldtown,  
Co. Dublin sampling some  
strawberries at the Teagasc  
National Soft Fruit Conference.



#### BARRA GLASRAÍ

##### Leasú Nitrigine ar Bharra Brassica

I gCionn Sáile a ritheadh an tionscadal sin a críochnaíodh in 2006, agus ritheadh trialacha breise ar fheirmeacha a raibh cineálacha éagsúla ithreach iontu. B'fhearr mar a chruthaigh an choilís shamhraidh ar rátaí 180-240 kg N/ha; agus an choilís fhómhair ar ráta 120 kg N/ha. Ar rátaí 120-180 kg N/ha a bhí an ráta ab fhearr ag an gcoilís gheimhridh, ag brath ar an gcineál ithreach, agus bhí éileamh barmhaith nitrigine 180 kg N/ha ag bachlóga Bruiséile. Ag an mBrocailí a bhí an fhreagairt ba lú ar an scaipeadh Nitrigine – bhí sé idir 0 agus 60 kg N agus barr á bhaint san fhómhar; agus ag 120 kg N/ha ag na barra samhraidh.

#### AN TAONAD FORBARTHA FORAOISEACHTA

##### Feabhsú na gCrann Leathanduilleach

Bailíodh ábhar géiniteach (siolta agus beangáin) ó chrainn darach, seiceamair, fuinseoige agus fearnóige den scoth agus úsáidfead iad i gcomhair clár caomhnaithe agus siolraithe. Bailiúchán de chrainn leamháin ar cosúil nár bhain an galar Dúitreach leamhán dóibh a úsáidfead chun an crann leamháin a athshíolrú faoin tuath.

Táirgeadh prótacail dealbhaithe don dair, don fhuinseoig, don fháibhile agus don seiceamar agus tá prótacal maidir leis an tánú réamhthráchtála á chríochnú don fhuinseoig, don fhearnóg, don fháibhile agus don dair. Forbraíodh prótacal nua freisin d'aicmiú Caighdeán Dóchúil an Adhmaid (CDA/PTQ) i gcás na gcrann leathanduilleach.

##### An Táirgeacht Foraoise

Críochnaíodh léarscáileanna táirgeachta foraoise ar bhonn náisiúnta agus contae agus ghlac an tSeirbhís Foraoiseachta leis dá Straitéis Foraoiseachta Tháscach. Forbraíodh modhanna chun suímh fhoraoise a aithint a d'fheifeadh don

tanúchán agus chun barra a bhaint.

Bhí léarscáileanna de luas na gaoithe san áireamh ansin chun an riosca a áireamh agus modhanna aicmithe suímh chun limistéir chosúla a ghrúpáil ar mhaithe le cuspóirí bainistíochta.

#### AN TAONAD FORBARTHA DO THÁIRGEADH NA MUC

##### Cothú agus Bainistiú

Tá sé mar aidhm ag staidéar ar chothú próitéin- agus fosfar-laghdaíthe gearradh siar ar an méid nitrigine agus fosfair a eifheartar. Tá staidéar eile ag breathnú isteach ar éifeacht an chothaithe ar neart na gcnamh i gránacha póraithe.

##### Sláinte agus Leas

Tá staidéar ar ábhar in-ionramháilte a sheachadadh do chránacha ar siúl i gcónaí. Grúpaí cránacha ar Bheathaitheoir Leictreonach Cránacha i gCromghlinn (Hillsborough, T.É.) agus i stalláir ar an gCloch Liath (Moorepark) atá i gceist. Úsáideadh tuí agus sadhla mar ábhar in-ionramháilte, agus úsáideadh cáithleach na bpónairí soighe chun cur leis an snáithín sa chothú. Dealraíonn sé go ndéanann breis snáithín níos mó ar son iompraíochta na gránacha agus ar son a leasa ná soláthar tuí a chur ar fáil.

Léirigh staidéar ar bheartais rialaithe Salmonella atá ar siúl ar 12 fheirm thráchtála gurb é an chóireáil b'éifeachtaí, aigéid orgánacha a chur leis an gcothú.

##### Caighdeán na Feola

Táthar ag déanamh éagsúlú ar na méideanna cothaithe a thugtar do chránacha agus iad ag iompar féachaint an mbíonn aon tionchar aige ar líon na snáithíní matáin ag am breithe. Tá an tionscadal sin ar siúl i gcomhar le Coláiste Ríoga na Tréidliachta, Londain.



## Spríoc 2 -Iomaíocht, Nuáil, Sábháilteacht agus Caighdeán an Bhia

# 2

### SÁBHÁILTEACHT AN BHIA.

#### Mairteoil níos sábháilte.

D'éirigh le hIonad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh Tionscadal Lánaontaithe nua a threorú a fuair maoiniú faoi Chreatchlár an AE. Buiséad €17.8m atá ag an tionscadal atá le tosú mí an Mhárta 2007. Folaíonn an tionscadal 42 comhpháirtí ina measc ollscoileanna, eagraíochtaí taighde agus fiontair ar fud na hEorpa agus sa Bhrasáil, sa Nua-Shéalainn, san Astráil, SAM agus Ceanada. Is é an aidhm, laghdú ar ábhar salaithe miocróbach nó ceimiceach, agus an cháilíocht agus an cothú i slabhra na mairteola a fheabhsú san am gcéanna.

Tá an tIonad Taighde Bia i mBaile an Ásaigh i mbun samhail Chaighdeán Feola na hAstráile, córas bainistíochta cailíochta le haghaidh comhchuibheas maidir le cailíocht itheacháin, a thástáil ar thomhaltóirí.

#### Iomaíocht

Tá an tIonad Taighde Bia ar an gCloch Liath, i gcomhar le COC, tar éis imscrúdú a dhéanamh le blianta beaga anuas ar an bpoiteinseal a bhaineann le Próiseáil Ardbhrú agus Homaiginiú Ardbhrú i ndéanamh cáise agus táirgí déiríochta eile. Ar iógart beagmhéathrais a bhí fócas an taighde in 2006. Fadhb amháin a bhaineann leis an iógart beagmhéathrais, an drochiarthairt ar an tiús agus ar an mbraistint sa bhéal. Léirigh na sonraí gur féidir airíonna iógairt bheagmhéathrais a fheabhsú le PA agus HA.

#### Comhairleach

Ceapadh speisialtóir nua i mBianna Ceardaí i Meán Fómhair 2006. Cuireadh clár oiliúna cuimsitheach le chéile le haghaidh 2007. Tairgeofar modúl 25 uair agus é creidiúnaithe ag FETAC ar an táirgeadh bia in 2007, agus é dírithe go speisialta ar rannpháirtithe i Margá na bhFeirmeoirí.

Chun tacú le hearnáil bhia atá dírithe ar an margadh, agus atá iomaíoch agus nuálach, go háirithe in earnáil na 'slánbhianna', agus atá de réir na gcaighdeán cailíochta agus sábháilteachta is airde.

Feidhmeoidh Teagasc straitéisí taighde, a chuimseoidh raon limistéar eolaíochta agus teicneolaíochta do thionscal an bhia, go háirithe maidir le feoil, bianna déiríochta, comhábhair bhia agus sábháilteacht an bhia.

Cuirfidh Teagasc seirbhís aistrithe teicneolaíochta agus cúrsaí oiliúna ar fáil do thionscal an bhia mar bhunghné de na straitéisí taighde.

### TAIGHDE AR BHIA

Fuarthas 26 Conradh taighde nua san iomlán faoin mBeartas Institiúideach Taighde Bia (FIRM) mar aon le cúig dhámhachtain faoi Thionscnamh Gléasra Speisialta FIRM. Cuirfidh na dámhachtainí sin, mar aon le cistiú Teagasc, ar chumas na stiúrthóireachta acmhainneachtaí nua a bhaint amach sa mhicreascopacht, i dteicneolaíocht phróisis do bhianna feidhmeacha agus fionnachtain nútraiceodach. Mórthionscnamh in 2006 a bhí sa chinneadh an taighde ar bhianna feidhmeacha a lánaontú i dTeagasc agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh nuair a bunaíodh UCC-Teagasc Foods for Health Research Partnership, comhpháirtíocht taighde. Tá ioncain seachtrach €13m ag an stiúrthóireacht anois.

#### Srianadh Galar Daonna

D'aithin Ionad Cógasbhitheach an Bhia, a bhfuil Teagasc sa Chloch Liath agus COC páirteach ann, mar aon le Glaxo SmithKline, páirtí tionsclaíoch, d'aithin siad víris bhaictéarach (baic téarafagaigh) atá in ann baictéir a mharú a thugann galair dhaonna.



laidín i mbainne.

Tá an Chloch Liath ag cuidiú le cuideachtaí déiríochta déileáil le sonraíochtaí diana ar roinnt de na margatá maidir le leibhéal an iaidín i dtáirgí bainne. Rinneadh measúnú ar na leibhéil iaidín i mbainne ó bha ar réisimí beatha difriúla agus léiríodh go raibh an bheatha ina foinse shuntasach iaidín i mbainne.

Cáilíocht Táirgí agus Nuáil

Críochnaíodh 5ú Creat-thionscadal an Aontais Eorpaigh, BIOCLA, a bhí á chomhordú ag an Ionad Taighde Bia ar an gCloch Liath (Moorepark). Tionóladh comhdháil idirnáisiúnta: 'Conjugated Linoleic Acid based Functional Foods: Evidence, Delivery and Dose' ar an gCloch Liath (Moorepark) chun an ócáid a cheiliúradh. Ag an gcomhdháil fógraíodh na torthaí ar chlár BIOCLA a críochnaíodh sa Róimh agus a bhain le daoine. Bhí an consoirtiam tar éis cáis a raibh breis den aigéad líonóiléach CLA inti a fhorbairt ar an gCloch Liath (Moorepark).

Saotharlann Taighde Eolaíochta sa Chloch Liath (Moorepark)

Rinneadh an cháis as bainne a fuarthas ó bha a fuair ola lus na gréine mar fhorbhia. Daoine a d'ith an cháis sin, bhí leibhéil níos airde CLA agus aigéid shailleacha óimige-3 sa phlasma acu. Bhí feabhsú suntasach ar a bpróifílí lipidí fola, rud a léirigh na dea-thorthaí a bhí ag gabháil leis an gcáis CLA saibhrithe a ithe.

Rinneadh forbairt bhreise ar *Lactobacillus paracasei* (Lb338), próibhitheach faoi phaitinn, in 2006. Tá an tréithchineál sin ceadúnaithe do Bhord Bainne cheana féin le haghaidh cáis phróibhitheach ar mhargadh an RA faoin mbranda Pilgrims Choice agus cuirtear lena úsáid le haghaidh táirgí eile leis an dara ceadúnas. Tréith thábhachtach a bhaineann le cultúir próibhitheacha, gur féidir leo taisteal tríd an ngoile daonna ionas gur féidir leo a bheith tairbheach don stéig.



Léirigh eolaithe ar an gCloch Liath i gcaitheamh na bliana gur féidir marthain ghastrach Lb338 a fheabhsú (>10,000 oiread) ach comhshuíomh a mheáin fháis a athrú. Táthar ag iarraidh an seicheamh géinte atá ag an gcultúr Lb338 a aimsiú i láthair na huair, toisc a thábhachtaí is atá sé dá gclár oibre ar an gCloch Liath.

Sa chlár faoi bhithghníomhaigh bhainne aithníodh líon beag peiptidí a díorthaíodh ó phróitéin bhainne agus a raibh gníomhaíocht bhaictéarach ag baint leo ionas go bhféadfaidís a bheith úsáideach mar chomhábhair bhia anta-phataigine, anta-aile agus antai-hipirtheannasach.

Thionóil Teagasc an Chomhdháil Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta Feola i mBaile Átha Cliath. Tháinig breis agus 500 toscaire ann as 46 tír. Ina measc bhí eolaithe, lucht tionscail, déantóirí polasaí mar aon le hionadaithe rialtais agus chomhlachtaí poiblí.

Córais talmhaíochta agus táirgthe bia a fhorbairt atá inbhuanaithe i dtéarmaí na timpeallachta, leas ainmhithe, sábháilteacht cheirde agus timpeallacht na hoibre

### NA HEOLAÍOCHTAÍ BITHEACHA

Gene sequencing

Tá seicheamhú déanta ag taighdeoirí Teagasc ar an ngéanóm atá ag *Lactobacillus helveticus* DPC4571 a fheabhsaíonn blas na cáise, agus é foilsithe acu. Sin an chéad seicheamh géanóim a cuireadh ar fáil go poiblí agus an chéad seicheamh géanóim atá críochnaithe ag Teagasc. Tá lucht taighde i mbun oibre ag iarraidh feidhmeanna tráchtála a shainaitint.

Rinneadh an clár Géineolaíochta Móilíní Ainmhithe ar an gCloch Liath (Moorepark) a fhorbairt in 2006 agus déantar taighde anois ar an maistíteas, ordú coirp agus tréithe eile. Sa bhanc DNA d'eallach na hÉireann tá samplaí ó 3,500 bó agus ó 200 tarbh sliocht-tástálta.

Bhí an tUas Declan Troy, (Cathaoirleach ICoMST), an tUas. Brendan Smith T.D. Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta agus Bia, agus an tUas. Cormac Healy (Meat Industry Ireland) i láthair agus tús á chur leis an 52ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht Feola ag Teagasc, Baile an Asaigh.



## Spríoc 3 - Córais Talmhaíochta Inbhuanaithe

# 3



To develop systems of agriculture and food production which are sustainable in terms of the environment, animal welfare, occupational safety and the work environment.

Córais talmhaíochta agus táirgthe bia a fhorbairt atá inbhuanaithe i dtéarmaí na timpeallachta, leas ainmhithe, sábháilteacht cheirde agus timpeallacht na hoibre.

Ginfidh na straitéisí taighde faisnéis eolaíoch nua, mar aon le teicneolaíochtaí, a aistrefar fad le hearnáil na talmhaíochta agus a churífidh ar chumas feirmeoirí feirmeoireacht a chleachtadh ar dhóigh atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de, a chothóidh caomhnú thridhreach na tuaithe, a fheabhsóidh leas na n-ainmhithe feirme agus a chuideoidh le timpeallacht oibre sábháilte sláintiúil a fhorbairt.

Tabharfar faoi straitéisí comhairleacha a thacóidh le forbairt na feirmeoireachta inbhuanaithe trí sheirbhísí pleanála agus tacaíochta REPS a chur ar fáil, pleanáil bainistíochta cothaitheach agus seirbhísí pleanála do bhainistíocht dramhail feirme, mar aon le teicneolaíochta taighde a aistriú.

Déanfar na cleachtais is fearr maidir leis an tsábháilteacht cheirde, leas ainmhithe agus cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe i dtéarmaí na timpeallachta a chuimsiú i gcúrsaí oiliúna Teagasc.

### TAIGHDE TALMHAÍOCHTA

#### DÉIRÍOCHT

##### Leas Ainmhithe

Scrúdaigh staidéar ar thithíocht ainmhithe na héifeachtaí ar an táirgeadh, agus ar na freagairtí iompraíochta, fiseolaíochta agus imdhíonacha i mairt atá á gcríochnú a ghabhann le mataí rubair nó sliseanna adhmaid a leagan ar urláir lataí choíncreíte. Níor sholáthair na tomhais feidhmíochta ná na séana leasa (imdhíonachta ná meitibileachta) aon fhianaise go ndearnadh dochar ar bith do mhairt i mbéal a gcríochnaithe as iad a bheith á gcoinneáil i dtithíocht lataí amháin. Ní dhearna mataí ná sliseanna adhmaid ar na lataí aon difríocht don táirgeadh ná don leas.

##### Áiseanna do Bheostoc

Rinne tionscadal in 2006 luacháil ar chóras ísealráta eastramhach aeraithe sciodair. Choinnigh an próiseas an sciodar i riocht aonfhoirmeach agus níor theastaigh suaitheadh uaidh sula ndéanfaí é a chaidéalú i ndeireadh an gheimhridh. Na buntáistí féideartha a ghabhann le córais aeraithe sciodair ísealráta gur féidir na tancanna a fholmhú ó thráth go chéile gan an t?ábhar a shuaitheadh, ionas go mbíonn sábháil ama agus airgid ann.






### Sláinte Ainmhithe

Tagann éineart ainsealach ar an eallach de bharr galair Johnne nó féadann siad bás a fháil de fiú. Táthar in amhras a bhfuil ceangal idir é agus galar Crohn i ndáoinne. Níl aon chlár faire ná smachtaithe ar bhonn naisiúnta ina thaobh faoi láthair, agus is beag atá ar eolas faoin mbagairt eacnamaíoch don fheirmeoir déiríochta nó do thionscal na déiríochta.

Trí aidhm atá leis an tionscadal seo:

- (1) a fháil amach cé na guaiseanna tréadbhainistíochta epidéimeolaíochta atá ann maidir le galar Johnne a theacht ar thréada déiríochta in Éirinn agus leathadh tríothu;
- (2) measúnú a dhéanamh ar an iarmhairt eacnamaíoch náisiúnta ó ghalair Johnne i dtréada déiríochta in Éirinn le cabhair modhanna insamhlúchain ; agus
- (3) samhaltú a dhéanamh ar an iarmhairt eacnamaíoch a ghabhfaid le clár smachtaithe do ghalair Johnne a fheidhmiú ar fheirmeacha déiríochta.

Tá Ollscoil Cornell, an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath páirteach sa taighde sin.



### BARRA

#### Géanómaíocht Plandaí d'Inbhuanitheacht na mBarr

Tá an clár measúnaithe guaiseanna ar an gCloch Liath (Moorepark) ag déanamh luacháil i láthair na huair ar an iarmhairt fhéideartha a ghabhann le prátaí GM (iad modhnaithe don imdhíonacht ar smoladh) a shaothrú agus ráib shíl ola GM (i modhnaithe don fhulangacht ar luibhicíd) agus ar na beartais

comh-mhaireachtala a theastóidh chun ionracas géiniteach barr prátaí agus ráib shíl ola neamh-GM a chinntiú. .

Léirigh staidéir a críochnaíodh ar an sreabhadh géinte i gcás prátaí gur leor deighilt 20 méadar chun an t-aistriú pailine idir bharr fataí tráchtála GM agus neamh-GM a choinneáil faoi bhun na dtairseach reachtaíochta. Anuas air sin, táthar tar éis práta smolfhulangach a ghiniúint leis an ngéin Rb a thabhairt isteach ó *Solanum bulbocastanum*, speiceas prátaí fáine. Léirigh tástálacha tosaigh faoi ghloine go mb'fhéidir go mbeadh an ghéin sin in ann forbairt aonarán Éireannacha de *P. infestans* a shrianú.

#### Córais Táirgthe Barr Orgánach

Déantar feirmeoireacht orgánach ar thart ar 35,000 ha talún in Éirinn, sin 0.7% den talamh talmhaíochta, i gcomparáid le 9.7% san Ostair. Áirítear gur fiú €66m an margadh orgánach miondíola in Éirinn agus é sin ag méadú i gcónaí. Tá tionscadal ar an gCloch Liath (Moorepark) ag déanamh luachála ar chórais táirgthe atá ceaptha méadú ar thoradh agus ar cháilíocht na ngránbharr/ barr próitéine a shaothraítear faoi uainíocht orgánach.

Táthar tar éis uainíocht shingil seacht mbliana saor ó stoc a bhunú (cruithneacht gheimhridh, prátaí, coirce, léagúmaigh, eorna earraigh agus dhá bhliain d'fhéar/seamair) agus trí mhasamhail. B'é an toradh, cruithneacht gheimhridh (Deben) 7.2 t/ha, triteacál (Fidelio) 5.6 t/ha, coirce (Jalna) 6.2 t/ha, eorna earraigh (Tavern) 4.8 t/ha, lúipíní (Bordako) 2.1 t/ha agus prátaí (Setanta) 32.6 t/ha. Cuireadh seamair dhearg mar bharr chothaithe torthúlachta.



### AN TIMPEALLACHT/ AN COMHSHAOL

#### Eifeachtacht Cothaitheach

Scaoileann an t-eallach iníir amach nítrigin sna paistí múin agus bualtraí, agus bíonn baol ann go gcaillfean an Nítrigin sin, go rachaidh si isteach san uisce nó san aer, go háirithe nuair nach mbíonn an féar ag fás go tréan. Tá taighdeoirí i gCaisleán Bhaile Sheáin ag scrúdú bealaí chun cur le N-éifeachtacht an eallaigh iníir trí choigeartú a dhéanamh ar an gcion carbaihiodráite (siúcra) agus ar na tiúchaintí N i mbeatha an eallaigh.

Úsáideadh samhail mhatamataiciúil nua d'iontógáil lusra chun luacháil a dhéanamh ar an gacoi a bhféadfaí an lusra a bhainistiú chun dul i bhfeidhm ar na tiúchaintí N agus carbaihiodráití uisce-intuaslagtha in iontógáil an eallaigh iníir. Léirigh na torthaí go bhféadfaí cineálacha ardsiúcra a úsáid chun cur le N-éifeachtacht na mbó i dtreo dheireadh na tséasúir, tráth a mbíonn an baol is mó ann go n'éalóidh N san uisce.



### Caillteanas Cothaitheach in Uisce

Nuair a bhíonn uisce ag sreabhadh trí phóir mhóra san ithir nó trí chainéil na bpréamhacha nó na bpeisteanna – sreabhadh tosaíochta – sa chrios neamhsháithithe in ithreacha is minic a luathaíonn sé láistiú na gcothaitheach agus na bpataiginí. Rinne taighde i gCaisleán Bhaile Sheáin an sreabhadh tosaíochta a thomhas i dtrí ithir fhéaraigh in Éirinn.

Léiríonn na torthaí gur tharla sreabhadh tosaíochta sna trí chineál ithreach, agus sa dá shéasúr, cé gur beag difríocht atá ann ó shéasúr go séasúr. Tugadh insíothlú níos doimhne ar an uisce dathmharcáilte faoi deara sna hithreacha ba throime ná sna hithreacha b'éadroime. Tá a thuilleadh taighde á dhéanamh i staidéir lisiméadair ar an tábhacht atá leis an sreabhadh tosaíochta maidir le láistiú na gcothaitheach agus na bpataiginí.



### Samhaltú i gcúrsaí Timpeallachta

Gné thábhachtach de chaomhnú na timpeallachta is ea an fosfar (P) a scaiptear i gcás féarthailte agus barra. Ar anailís ithreach agus ar riachtanais na mbarr a bhunaítear é. Rinneadh turgnamh mórscála ar feadh ceithre bliana in 32 ionad ar fud na hÉireann chun na rátaí leasúcháin a dheimhniú a theastaíonn i gcomhair toradh barrmhaith agus an cion P sa lusra, i gcás meascáin éagsúla de chineálacha ithreach agus tástálacha ithreach P.

Fuarthas, i gcás formhór na n-ithreacha agus i gcás na leibhéal ithreach P uile, go raibh na rátaí leasúcháin a bhí ag teastáil chun 95% den toradh féideartha a thabhairt níos ísle ná iad siúd a bhí ag teastáil chun tiúchaintí P-lusra 0.3 nó 0.35% a thabhairt – an leibhéal a theastaíonn i gcomhair bó ardtáirgthe. Na rátaí leasúcháin céanna a bhí ag teastáil a bheag nó a mhór chun toradh féideartha 95% agus P-lusra 0.3% a thabhairt, agus sin i gcás na n-ithreacha uile. Bhí an-tábhacht le torthaí an taighde sin d'argóintí eolaíoch Teagasc a chumasaigh athruithe a dhéanamh ar an ionstraim reachtúil tosaigh a d'fheidhmigh an Treoir Níotráití.



### Astuithe Gásacha

I dtaighde a bhíodas a dhéanamh i gCaisleán Bhaile Sheáin, rinneadh sciodair eallaigh a scaipeadh ar cheithre phaiste féaraigh le crú sraoilleach nó scaipeadh forleathan, agus rinneadh na hastuithe N-amóinia a thomhas. Laghdaíodh go suntasach ar an mbuaic-astú sna chéad sé huair an chloig i ndiaidh an leathadh leis an gcrú sraoilleach. Bhí na rátaí astaithe ón sciodar a leathadh leis an gcrú sraoilleach níos airde as sin go ceann 42 uair an chloig ina dhiaidh áfach.

B'fhéidir gur tharla sé sin mar gur fhan an sciodar níos fliche níos faide sna bandaí tiubha a d'fhág an crú sraoilleach i gcomparáid leis an tsraith tanaí sciodair a scaipeadh leis an steallphláta agus a thriomaigh níos sciobtha. Faoi dheireadh thréimhse an tomhais bhí laghdú suntasach ar an gcaillteanas iomlán N don chrú sraoilleach (22.9 kg/ha) i gcomparáid leis an scaipeadh forleathan (31 kg/ha).

### Bithéagsúlacht

Léiríonn taighde ó Chaisleán Bhaile Sheáin go mbíonn níos mó éan, idir speicis agus chineálacha, ar thalamh curtha i leataobh a bhfuil barr d'éin fhiáine curtha ann seachas gnáthbharra, i bhformhór na míonna sa tsuirbhéireacht. Fuarthas go raibh na barra a saothraíodh ar thalamh a cuireadh i leataobh an-luachmhar do raon leathan éan, sa gheimhreadh go háirithe nuair a bhíonn ganntanas foinsí bia ann; laghdaíodh ar na rátaí básmhaireachta geimhridh.

Ar na héin a bhaineann buntáiste as tá speicis bheaga talaimh fheirme, mar aon leis na héin a itheann iad. Is fiú a nótáil go mbíonn na suimh sin in úsáid ag roinnt de na speicis ar an liosta dearg ar nós buíoga agus éin chreiche atá faoi bhagairt (an Cúr Rua, an Cromán Móna agus Cromán na gCearc).



## COMHAIRLEACH

I ndiaidh blianta fada d'easpa gníomhaíochta agus i ndiaidh díospóireacht theasaí fhadálach in 2006 fógraíodh na forálacha a bhí i dTreoir na Níotráití ar deireadh thiar. Cruthóidh sí sin neart deacrachtaí do roinnt dár bhfeirmeoirí diansaothraitheacha amach anseo ach ba cheart go gcuirfeadh sí feabhsú suntasach ar thionchar na feirmeoireachta ar an timpeallacht. Beidh neart le déanamh ag an tseirbhís chomhairleach amach anseo agus iad ag cuidiú le feirmeoirí cloí leis na forálacha sin.

Bhí an Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme ar cheann de na heochairbheartais a tugadh isteach in 2006 chun tacú le feirmeoirí agus iad ag iarraidh na caighdeáin nua a shásamh. Thairg sí sin leibhéil níos airde deontais le haghaidh stóráil an sciodair agus áiseanna feabhsaithe tithíochta d'fheirmeoirí chun a gcuid infreastruchtúir a fhorbairt agus an comhlíonadh timpeallachta a fheabhsú. Bhí SBDF chun tosaigh in obair na seirbhíse comhairle i ndeireadh 2006 agsu ní bhainfí na spriocanna murach an tréaniarracht a rinne an fhoireann chomhairle uile.



### Eochairstaitisticí

- Bhain 40,800 dár gcuid cliant, an líon ba mhó riamh, leas as dianseirbhísí timpeallachta.
- Tá 25,300 cliant de chuid Teagasc atá rannpháirteach anois in REPS, sin ardú breis is 5,000. Sin breis agus 55% dár cuidcliant. D'ullmhaigh Teagasc 7,300 plean REPS, an líon ba mhó riamh, in imeacht 2006.
- Rinneadh próiseáil iomlán ar bhreis agus 13,500 iarratas ar an Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme agus bhí 12,000 eile a bhain leas as an iarratas simplithe.
- Bhí 15,500 cliant eile a fuair seirbhísí sonracha a bhain le bainistiú cothaitheach agus aoiligh agus cosaint na hoidhreachta nádúrtha.
- D'fhreastail breis agus 4,000 cliant ar bhreis agus 130 cúrsa oiliúna 20 uairde chuid REPS.

Tugadh tosaíocht do scaipeadh na faisnéise ar na Rialacháin um Níotráití. Bhí mórchlár 'leas an phobail' i gceist inar tugadh faisnéis phraiticiúil maidir le 'dea-chleachtas na talmhaíochta' agus inar cuireadh le feachtas faoi chúrsaí timpeallachta i measc na bhfeirmeoirí i gcoitinne. B'é buaicphointe an chláir, na 36 cruinniú poiblí ar na Rialacháin um Níotráití a tionóladh i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia. D'fhreastail breis agus 10,000 feirmeoir orthu.

**An Bhitheagsúlacht Biodiversity**  
Cuireadh tús le mórfeachtas chun an fheachtas i leith na bithéagsúlachta a chur chun cinn in 2006. Bhí taispeántais phraiticiúla ar phlandú agus feabhsú na bhfálta sceach i gceist i ngach contae ar leith. Ócáidí an-ábhartha ba ea iad i gcomhthéacs an 5,000 ciliméadar measta d'fhálta sceach atá le plandú ar conradh ag rannpháirtithe REPS 3.

Chuir Teagasc a chuid saineolais ar Bhainistíocht na Tuaithe ar fáil do raon leathan eagraíochtaí rialtais agus neamhrialtasacha, agus bhí baint acu leis an iliomad tionscadal, ar nós BurrenLIFE Project – 2006.







#### REPS ar líne

An córas gréasáin pleanála nua atá ag REPS – eREPS – d'éirigh leis REPS a thabhairt isteach i ré nua. Speisialtóirí Teagasc a d'fhorbair an córas i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, a mhaoinigh an tionscadal. Tá sé ar fáil do na pleanálaithe uile anois. Tá an córas oibrithe nua eREPS tar éis cuidiú le feabhsú suas le 15% in éifeachtacht pleanála REPS. Fuair Teagasc an duais do 'Best Project within an Organisation' as eREPS mar chuid de na 'Innovation Through Technology Awards 2006'. Cuireadh tús i dtreo dheireadh 2006 leis an obair chun eREPS a uasghrádú de réir riachtanais REPS 4.



#### Bainistíocht leasacháin

Táthar den tuairim go bhfuil feabhsuithe ar bhainistíocht an aoiligh agus an leasacháin ar fheirmeacha tar éis an-chuid a dhéanamh chun cáilíocht an uisce a fheabhsú. Anuas ar SBDF ullmhaíodh beagnach 500 plean bainistíochta cothaitheach do chliant chun freastal ar riachtanais na bhfo-dhlíthe talmhaíochta, coinníollacha pleanála na n-údarás áitiúil agus scéim na mBuntáistí Cánach don Rialú ar Thruailliú.

**The Nitrates Directive was the subject of 36 public awareness meetings conducted jointly by Teagasc and Department of Agriculture and Food. This work will serve as a base for a more thorough programme in 2007. NO IRISH TEXT**


#### Éifeachtacht Nítrigine

Sainchuspóir de chuid an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta faoi Threoir na Nítráití is ea cur le heifeachtacht na húsáide ar an Nítrigin sa talmhaíocht agus 2003 in úsáid mar bhonnbhliain. Cuireadh tús le clár taighde ar Fheirm Dairygold – cuid den ionad taighde ar an gCloch Liath (Moorepark) – chun tionchar an ráta stocála/an ráta leasacháin nítrigine agus fad an tséasúir inír ar chaillteanas láistithe nítráití a fháil. Tá an tionscadal seo á mhaoiniú i bpáirt as ciste Stimulus na Roinne Talmhaíochta agus Bia.



#### Bainistíocht na Tuaithe

Chuir Teagasc a chuid saimeolais ar Bhainistíocht na Tuaithe ar fáil do raon leathan eagraíochtaí rialtais agus neamhrialtasacha, agus bhí baint acu leis an iliomad tionscadal, ar nós BurrenLIFE Project – 2006.





**An Clár Comhairle agus Oiliúna don tsábháilteacht Feirme**

D'aontaigh Teagasc agus an tÚdarás Sábháilteachta in 2005 ar chomhthionscnamh cosanta trí bliana a fheidhmiú. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh cuidiú le feirmeoirí Cód Cleachtais agus Measúnú Guaiseanna a fheidhmiú faoi mar a éilítear faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Mar chuid den tionscnamh, tá Teagasc ag dul i mbun luacháil a dhéanamh ar na beartais agus na cleachtais sláinte agus sábháilteachta i measc feirmeoirí ar mhaithe leis an straitéis fhadtéarmach is fearr a chinntiú chun an tsláinte agus an tsábháilteacht san earnáil a fheabhsú.

Bhí breis is 2,500 feirmeoir rannpháirteach i gcéim treoirscéime an tionscnaimh, agus d'fhreastail timpeall 1,500 ar chúrsa oiliúna leathlae ar chomhlánú an doiciméid don Chód Cleachtais agus don Mheasúnú Guaiseanna.

Chuaigh Teagasc i mbun luacháil chuimsitheach in 2006 ar na rialacháin sláinte agus sábháilteachta a bhíonn á bhfeidhmiú ag feirmeoirí i ndiaidh a gcuid rannpháirtíochta sa tionscnamh.

Dhréachtaigh an eagraíocht Cód Cleachtais reachtúil ar Chosc Timpistí agus an Easláinte Cheirde. Rinne Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus an tAire Saothair an cód a fhaomhadh, agus cuireadh cóip chuig gach feirmeoir.


Bhí Teagasc chun tosaigh maidir le Sráidbhaile Sábháilteachta Feirme a eagrú ag an gComórtas omhanda Treabhadóireachta i Meán Fómhair 2006.



Tá Teagasc ag dul i mbun luacháil a dhéanamh ar na beartais agus na cleachtais sláinte agus sábháilteachta i measc feirmeoirí ar mhaithe leis an straitéis fhadtéarmach is fearr a chinntiú chun an tsláinte agus an tsábháilteacht san earnáil a fheabhsú.



## Spríoc 4 - Inmharthacht na Tuaithe



Córais talmhaíochta agus táirgthe bia a fhorbairt atá inbhuanaithe i dtéarmaí na timpeallachta, leas ainmhithe, sábháilteacht cheirde agus timpeallacht na hoibre.

Eacnamaíocht agus sochaí bheoga tuaithe a chothú agus bonn fiúntach eolais eolaíoch a chur ar fáil d'fhorbairt polasaí agrabhia.

Díreoidh na straitéisí taighde ar anailís ar na treochtaí agus na hathruithe i gceantair tuaithe, tionchar na bpolasaithe forbartha tuaithe agus ar an gcuidiú a thugann earráil an agrabhia d'eacnamaíocht na tuaithe.

Ar na straitéisí comhairle beidh seirbhís anailísithe roghanna chun cuidiú le feirmeoirí dul i ngleic le hathruithe a bhaineann leo agus tacú leo chun roghanna agus bealaí i dtreo na hinmharthanachta a aithint, plé le fiontair éagsúla eile ina measc.

Cuirfear seirbhís chomhairleach d'aosaigh ar fáil chun tacú le gach gné den tseirbhís chomhairle d'feirmeoirí.

### AN TAIGHDE TALMHAÍOCHTA

#### Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha

Críochnaíodh Suirbhéireacht Náisiúnta Feirmeacha 2005 agus foilsíodh tuarascáil i Meán Fómhair 2006. In 2005, fuair feirmeoirí aoníocaíocht arbh fhiú 75,266 í ar meán in aghaidh na feirme, ag éirí as riaráistí ó na híocaíochtaí díreacha cúpláilte do 2004 a thabhairt anonn. Mhéadaigh an t'aschur feirme 18% ar an iomlán agus bhí méadú 5% ar chostais dhíreacha agus ar fhorchostais in 2005. Bhí arduithe IFT ann a bhí idir 16% leis an gCóras Déiríochta Speisialaithe agus 110% leis an Scéim d'Eallach Eile. Ardú 75% a bhain le Tógáil Eallaigh agus bhain ardú 45% le Caoirigh den chuid is Mó.

Achoimre ar na príomhthorthaí:

	2004	2005
Ioncam Teaghlach Fheirme	€15,557	€22,460

Íocaíochta Díreacha (Meán náis.)	€13,549 (86% den FFI)	€21,103 (94% den FFI)
----------------------------------	-----------------------	-----------------------

Páirteachas i bhfostaíocht lasmuigh den feirm (An sealbhóir agus/nó a c(h)éile)	52%	55%
---	-----	-----



An méadú ioncaim ar na córais stoic thirim, tá sé nasctha lena spleáchas ar íocaíochtaí díreacha a thacaíonn lena n-ioncaim, tharla gur méadaigh na híocaíochtaí díreacha 63% ar an gCóras Tógála Eallaigh agus 60% ar Eallach Eile. D'ardaigh na híocaíochtaí díreacha ar na Feirmeacha Déiríochta Speisialaithe agus na Feirmeacha Déiríochta Eile 77% agus 63% faoi seach, mar gheall ar mhéadú ar na híocaíochtaí faoin bPréimhscéim Déiríochta agus riaráistí fóirdheontais ó 2004. B'ionann an ghlaninfheistíocht nua agus €5,939 in aghaidh na feirme – b'in méadú 23% ar 2004, nó 26% den ioncam feirme.



**Forbairt agus Socheolaíocht na Tuaithe**  
Sampla d'obair an aonaid sin is ea taighde a dhéanamh ar an spreagadh do mhná chun a bheith ag plé le hobair lasmuigh den fheirm. Úsáideadh teicnícíotáí cáilíochtúla agus pléadh le sampla beag de pháirtithe feirmeoirí déiríochta. Léiríonn na torthaí go dtugann na mná cuidiú riachtanach maidir le cothabháil an teaghlaigh fheirme agus le hinmharthanacht na feirme cé gur ag dul i laghad atá an méid díobh a shamhlódh iad féin le gnó na feirme.

Scrúdaigh taighde eile a bhí ag díriú ar athruithe deimeagrafacha idir 1996 – 2006 mar a théann athstruchtúrú an gheilleagair náisiúnta i bhfeidhm ar cheantair tuaithe. Aibhsíonn an obair sin tábhacht bhreise na n-ionad uirbeach mar nóid fhostaíochta agus don chomaiteireacht ó cheantair tuaithe go dtí na ceantair uirbeacha. Tá tionscadail eile ag scrúdú tionchar na seirbhíse comhairle talmhaíochta, fiuntas chlár na Roghanna Feirmeoireachta, an t-ionannas tuaithe ag athrú, agus tionchar an pholasáí tithíochta.

#### Anailís Spásach

Féadann toradh gan choinne a bheith ann ag an leibhéal áitiúil de bharr cinntí polasaí náisiúnta nó an AE. Ach sa Pháipéar Bán ar Fhorbairt na Tuaithe (An Roinn Talmhaíochta agus Bia, 1999) tá tiomantas Rialtais chun a chinntiú go mbeidh lucht déanta polasaí ar an eolas faoi na torthaí dóchúlú a bhainfeadh le moltaí polasaí maidir le leas eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus timpeallachta na bpobal tuaithe.


D'fhorbair an fhoireann san Ionad Taighde Eacnamaíoch Tuaithe teicnícíotáí micreashamlúcháin in 2006 a ligeann dóibh an tionchar dóchúil a mheas a bhainfeadh le hathruithe polasaí náisiúnta nó idirnáisiúnta (an AE de ghnáth) ar limistéir tuaithe ar leith. Uirlisí anailísithe ríomhaire-bhunaithe is ea na teicnícíotáí sin agus ní hamháin gur féidir tionchar polasaí forbartha tuaithe a mheas leo i ndiaidh a fheidhmithe, ach is féidir tionchar féideartha polasaithe nua a mheas leo freisin.

#### Eacnamaíocht na Timpeallachta

Réimse nua laistigh de chlár taighde Teagasc is ea Eacnamaíocht na Timpeallachta. Is é an sprioc, an ghníomhaíocht eacnamaíoch agus a thionchar ar an timpeallacht a chur ar mheá chothrom trí na costais agus an tairbhe ar fad a chur san áireamh. Is é is aidhm don chlár, breathnú go ginearálta ar na saincheisteanna sin i gcomhthéacs na talmhaíochta agus úsáid na n-acmhainní nádúrtha in Éirinn. Direoidh an taighde ar an ról is féidir leis an mbrainse sin den eacnamaíocht a imirt ar chlár oibre taighde Teagasc amach anseo.

Rinneadh comhchomhairliú leathan ionas go bhfuil léargas soiléir ann faoin gcaoi a dtig le Teagasc cuidiú leis an bpobal taighde timpeallachta eacnamaíoch in Éirinn, agus ar phoitéinseal na heacnamaíochta timpeallachta in Teagasc. Ar na gníomhaíochtaí taighde a saináithníodh bhí luacháil ar ghníomhaíochtaí scíthe, luacháil ar scéim REPS agus ar an Treoir Niotráití, samhaltú ar astuithe gás ceaptha teasa agus táscairí timpeallachta eile.





## COMHAIRLEACH

### Inmharthanacht Tuaithe

Bhí 5,200 feirmeoir rannpháirteach i gClár na Roghanna in 2006, agus fuair 4,820 díobh plean gníomhaíochta don bhealach chun cinn. Bhí sé i gceist ag timpeall 60% de na feirmeoirí sin a mbainistíocht airgeadais agus éifeachtacht a gcuid fiontar a athrú nó a fheabhsú, chinn 3% ar fhiontar foraoiseachta a fhorbairt agus chuaigh breis is 20% díobh le REPS, léirigh 4% de na feirmeoirí go raibh an-spéis acu san fheirmeoireacht orgánach, gheall 6% díobh fiontar feirme forlontach ar leith a fhorbairt agus d'aontaigh breis is 10% ar fhostaíocht lánaimseartha nó páirtaimseartha a lorg lasmuigh den fheirm.

Ba i 2006 an bhliain ab fhearr fós do REPS. D'ullmhaigh Teagasc 7,300 plean do REPS 3 agus mhéadaigh ar rannpháirtíocht na gcliant sa scéim go dtí breis agus 25,000. Sin breis is 55% den bhonn cliant. Bhí beagnach 6,000 fós in REPS 2 faoi dheireadh na bliana. Nuair a chuirtear a líon siúd le cliant REPS 3 bhí an bonn cliant do dheireadh 2006 ag 25,300. Bhí an leibhéal náisiúnta rannpháirtíochta in REPS ag druidim le 59,000 rud a léirigh sciar mhargaidh Teagasc a bhí os cionn 43%.

### Pleanáil Gnó

D'fhreastail breis agus 100 teaghlach ar 6 chúrsa tosaigh gnó san iomlán agus rinneadh 25 plean gnó. Soláthraíodh meantóireacht agus plean gnó á thosú mar shíneadh ar an gcúrsa gnó dóibh siúd sa chéim tosaigh. D'fhreastail breis agus 300 duine ar Chomhdháil Fiontraíochta Tuaithe Teagasc a tionóladh sa Mhuileann gCearr i nDeireadh Fómhair, 2006. D'eagraigh Teagasc comórtas Dámhachtainí Nuálacha i gcomhar leis an Irish Farmers Journal agus le JFC Manufacturing.

### Nuálacha Tuaithe

Lainseáil Teagasc comórtas nua Dámhachtainí Nuálacha i gcomhar leis an Irish Farmers Journal agus le JFC Manufacturing. Clúdaíonn an comórtas sin Éire uile agus bhí duaischiste breis is €30,000 nó a mhacasamháil ag gabháil leis, agus airgead tirim, fógraíocht agus meantóireacht san aireamh ann. Méadóidh an comórtas ar an bhfócas ar thionscnaimh Teagasc agus gnó beag á thosú.

### An fheirmeoireacht orgánach

Eagraíodh Lá Oscailte ar na feirmeacha taispeána orgánacha ar fad, ceithre fheirm déag, a bunaíodh in 2005. Bhí eallach agus caoirigh i gceist, mar aon le déiríocht, curaíocht agus gairneoireacht. D'fhreastail 860 feirmeoir san iomlán, feirmeoirí orgánacha nó feirmeoirí ar spéis leo dul leis an bhfeirmeoireacht orgánach, ar na Laethanta Oscailte sin.

### An turasóireacht faoin tuath

Tá an-athrú tagtha ar an turasóireacht faoin tuath. Níl fás i ndán anois ach do sholáthróirí ar féidir le táirge ar leith a chur ar fáil, e.g. fioreispéireas feirme, béile tráthnóna teach feirme, feirm oscailte nó siúlóidí ag stop ag a gcuirtear béile ar fáil do thurais bhus.



Le linn 2006, b'é mórrecht seirbhís Teagasc gur éirigh leo, i gcomhar le LEADER agus an Roinn Leasa Shóisialaigh agus Teaghligh, tabhairt ar na heagraíochtaí a bhí ag déanamh ionadaíochta don turasóireacht tuaithe teacht le chéile faoin aon bhratach chónaidhme amháin. Eagraíodh trí chúrsa 25 uair. Soláthróirí táirgí a bhí ina mbun, bhí 68 rannpháirtí i láthair agus cuireadh ionchuir ar fáil d'iliomad foirne LEADER agus Fiontraíochta Contae.

### Táirgeadh na gCapall Spóirt

Tacaíonn an fhoireann speisialaithe capall le feabhsú ar cháilíocht na gcapall trí chlár phóraíochta a chur chun cinn, mar aon le feabhsú ar bhainistíocht agus riar na láracha agus na gcapall óg. Sheachaid an fhoireann 15 mhodúl 25 uair de thraenáil le feirmeoirí agus bhí 486 feirmeoir i láthair. Rinne 39 feirmeoir freastal ar thrí chúrsa scileanna 50 uair.

Tacaíodh le 68 pléghrúpa eallaigh, naoi gcinn déag de phléghrúpaí caorach agus naoi gcinn de phléghrúpaí fianna in 2006. Tacaíodh le timpeall 200 feirmeoirí fianna in 2006. Chríochnaigh 23 an Clár Roghanna agus tugadh pleananna don Bhealach Chun Cinn dóibh.

Eagraíodh 27 cuairt fheirme agus tháinig cúig phléghrúpa le chéile trí huair. Cuireadh dhá nuachtlitir ar fáil agus tá na táirgeoirí fiafheola uile cláraithe anois sa Scéim do Dhearbhú Cáilíochta na Fiafheola. Rinne 39 feirmeoir freastal ar thrí chúrsa scileanna 50 uair. Ar na nithe eile a chuidigh le spriocanna na foirne a bhaint amach bhí seacht mórshéimneár, cuairteanna feirme, nuachtlitreacha, agallaimh raidió agus cruinnithe le grúpaí uinéirí capall spóirt.

### An Éanlaith Saor-raoin

Anuas ar an iliomd glaonna gutháin a fhreagairt, rinne an speisialtóir éanlaithe meantairecht forbartha fiontar a sholáthar do 20 táirgeoir agus cuireadh clár cuimsitheach oibre i gcrích faoi scéim Dearbhú Cáilíochta Bord Bia. Scaipeadh faisnéis faoi fhliú na n-éan go forleathan. Tharla go raibh na haonaid éanlaithe i dteideal cur isteach ar chúnadh deontais den chéad uair in 2006 faoin Scéim um Bainistíocht Dramháil Feirme, ullmhaíodh suimisean don roinn Talmhaíochta agus Bia ar ar bunaíodh na treoirlinte don chúnadh deontais.





## Spríoc 5 – Acmhainneachtaí Oibríochtúla agus an Nuáil

# 5

Acmhainní daonna agus fisiceacha na heagraíochta a fhorbairt mar aon leis na hacmhainneachtaí oibríochtúla, chun a chinntiú go seachadtar seirbhísí den scoth dár gcuid custaiméirí fad a dhéantar forfheidmiú ar pholasaí an Rialtais maidir le nuáil sa tseirbhís phoiblí agus maidir leis an rialachas corparáideach.

Beidh gá le foireann agus acmhainní fisiceacha na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh, mar aon lena cuid córas bainistíochta airgeadais, na córais TFC agus raon de thacaíocht bhainistíochta inmheánach eagraíochtúil agus seirbhísí faisnéise.

Chun an sprioc sin a bhaint, tá rún ag Teagasc straitéisí a fhorfheidmiú a bhaineann le clár oibre nuachóirithe na seirbhíse poiblí, clár oibre don bhainistíocht eagraíochtúil níos fearr ionas go seachadfar seirbhísí den scoth do chustaiméirí. Déanfar an ghéilliúlacht don Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit a mheasúnú ar gach leibhéal san eagraíocht, agus gníomhófar de réir mar is gá.

### SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TAIGHDE

#### Staidéar Réamhfhéachana

Chinn an tÚdarás i nDeireadh Fómhair 2006 dul i mbun staidéir Réamhfhéachana Teicneolaíochta ar na riachtanais eolaíochta agus teicneolaíochta a bhí ag an earnáil agra-bhia agus geilleagar na tuaithe in Éirinn, agus ar ionadú Teagasc laistigh de. Bunaíodh Coiste Stiúrtha ar a raibh saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus seoladh an tionscadal i Mí na Nollag 2006. Críochnófar an tionscadal in imeacht 2007 agus lainséalfar an tuarascáil deiridh ag mórchomhdháil idirnáisiúnta réamhfhéachana i mBealtaine 2008.

#### Maoin Intleachtúil

D'earcaigh an eagraíocht Oifigeach Maoine Intleachtúla a bhfuil freagrachtaí air as tacú, cosaint agus tráchtáil a dhéanamh ar MI a thagann ann de bharr taighde Teagasc. Dhréachtaigh an tOifigeach MI 'Policy and Procedures on Intellectual Property', polasaí MI a chuireann san áireamh an bhéim bhreise ar an taighde i gcomhar agus atá ag iarraidh torthaí an taighde a chur á saothrú le leas an phobail. Cuimsíonn an polasaí dreasuithe d'infheisteoirí agus don ionad taighde a bheadh i gceist, ag éirí as tráchtáil rathúil.



## CUMARSÁID EOLAÍOCHTA

### TRResearch

Lainseáladh iris eolaíochta nua pobail, TRResearch, do thaighde agus nuáil Teagasc, i Mí na Samhna 2006. Ráitheachán lándaite atá ann agus raon altanna eolaíochta ann á scríobh ag foireann Teagasc.


### An tseachtain eolaíochta

Bunaíodh Coiste Seachtain na hEolaíochta chun sraith mórócáidí a eagrú don ghníomhaíocht fhorleiththeadach seo, chun cur le híomhá taighde Teagasc in 2006. Tionóladh laethanta oscilte do mheánscoileanna in Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Ionad Taighde na Gráinsí agus Ionad Taighde Bia na Cloiche Liath (Moorepark). D'eagraigh Ionad Taighde Geilleagar na Tuaithe díospóireacht i gcomhar le OÉ-OÉG agus labhair foireann ón Ionad Taighde Barr i bPáirc na Darach le mic léinn in IT Cheatharlach faoi dheiseanna iarchéime agus taighde in Teagasc.

Caitriona Boyle, Eagarthóir TRResearch, Leo Enright, Cathaoirleach, Fionn Eolaíocht agus Innealtóireacht, an Dr Tom O'Dwyer, Cathaoirleach Teagasc, agus an tUas Tom Kirley, Stiúrthóir Gníomhach, Teagasc



Líon Iomlán na mBeostoc, Nollaig 2005



Foinse: An Roinn Talmhaíochta agus Bia

### Luacháil na Feidhmíochta


Chríochnaigh an tAonad Luachála ceithre thionscadal luachála in 2006. Foireann inmheánach a chríochnaigh dhá cheann díobh agus comhairligh sheachtracha a rinne an dá cheann eile. Bhain na tuarascálacha inmheánacha le luacháil ar an gclár oideachais don Teastas Gairmoideachais sa Talmhaíocht, Leibhéal 5, agus le measúnú cuimsitheacht ar shamhail de chárta scóir do Teagasc.

Bhain na tuarascálacha seachtracha le luacháil ar an gClár Comhaltachta Walsh atá ag Teagasc agus luacháil ar Chlár Oilíúna Bia Teagasc. Ar na tionscadaíl atá idir lámha i gcónaí tá tuairisc clár luachála ar Shuirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc agus luacháil ar éifeachtacht chlár Anailíse ar Roghanna Chomhairle Teagasc.

### Seirbhísí Leabharlainne

Críochnaíodh an próiseas tairisceana chun seirbhís rochtana iriseán eolaíoch ina mbeadh iomlán an téacs le fáil ar líne a sholáthar don fhoireann taighde. Tosófar ar an tionscadail in 2007. Rinne foireann na leabharlainne buntáistí na seirbhísí faisnéise atá ar fáil sa leabharlann a phoibliú ionas go bhfuil níos mó úsáide á bhaint as bunachair sonraí taighde agus ábhar ar líne. Rinneadh a thuilleadh dul chun cinn ar nuashonrú chatalóg na leabharlainne.

Sástacht na gCustaiméirí le Seirbhís Chomhairle Teagasc



Foinse: An Roinn Talmhaíochta agus Bia



Minister for Agriculture and Food, Mary Coughlan T.D. with Dr. Tom O'Dwyer, Chairman, Teagasc and Hugh Ryan FBD Board Member, presenting James Breen, Lisduff, Lattin, Co. Tipperary, a 22-year-old student, with his award when he won the FBD Student of the Year 2006 Award. James represented the Teagasc Agriculture College in Clonakilty.

### Sársheirbhísí Custaiméirí

Rinne an tOifigeach Sársheirbhísí Custaiméirí comhlánú agus anailísiú ar shuirbhéanna aiseolais seirbhís custaiméara d'ócáidí móra Teagasc, ina measc Agriculture and food 06, an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta agus an Lá Oscailte sa ghráinseach. I Mí na Nollag 2006 cuireadh cártaí tráchta chuig na cliant chomhairleacha uile. Fuarthas freagairt sách maith agus cuireadh 1620 cárta ar ais.



TBa í Máire Ní Chochláin, TD, Aire Talmhaíochta agus Bia, a a rinne an oscailt oifigiúil ar an tAonad Nua Bith-Theic i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Sa phictiúr freisin tá an tOllamh Jim Burke, Ceannaire an Aonaid, Páirc na Darach, iar-Stiúrthóir an tUas Jim Flanagan, Teagasc, agus an Dr Tom O'Dwyer, Cathaoirleach, Teagasc.

### Bainistiú Rioscaí

Ullmhaíodh clárann rioscaí in 2006. Sainaitníonn sé na mór-rioscaí a ghabhann le spriocanna sa phlean gnó a bhaint amach. Sainaitníonn sé beartais atá ar bun faoi láthair, mar aon leis na beartais bhreise a theastódh chun na rioscaí a bhainistiú. Chuathas ag obair leis an gCoiste Bainistíochta agus sainaitníodh na rioscaí corparáideacha ba chontúirtí agus aontaíodh straitéis maidir lena mbainistiú.

Ullmhaíodh Clárann Rioscaí Corparáideacha don Údarás. Rinneadh athbhreithniú lár bliana ar na rioscaí a sainaitníodh agus bunaíodh 'Taisce Rioscaí' ina raibh na clárlanna rioscaí uile, agus cuireadh oiliúint ar bhainistiú rioscaí ar fáil do na bainisteoirí.

### Meastóireacht ar Infheistíocht Chaipitiúil

Socraíodh treoirínite nua don Mheastóireacht ar Infheistíocht Chaipitiúil de réir na dtreoirínite nua ón Roinn Airgeadais. Agus de bhreis air sin, rinneadh meastóireachtaí ar thionscadail chaipitiúla a athbhreithniú le linn 2006.

### Pleanáil Gnó

Tá Teagasc tar éis scagadh a dhéanamh ar a phróiseas inmheánach don phleanáil gnó. In 2006, rinneadh na pleananna gnó a ullmhaíodh do na stiúrthóireachtaí agus do na haonaid bhainistíochta a mheasúin ar bhonn indibhidiúil chun a chinntiú go mbeidís uile ar an ardchaighdeán céanna. Rinneadh na teimpléid a scagadh a thuilleadh do na bainisteoirí uile chun a chinntiú go mbainfí amach roinnt eochairchuspóirí. Tugadh an t-amchlár don chiogal bliantúil gnó ar aghaidh chun go bhféadfaí próiseas na pleanála a lánaontú mar ba cheart agus a chríochnú laistigh d'amscála réasúnta. Tugadh isteach athbhreithniú lárblíana mar raichtanas do na haonaid bhainistíochta uile chun díriú ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna sa phlean gnó. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhainisteoirí nua in ullmhú pleananna gnó agus in úsáid na dteimpléad nua.



### Bainistiú Rioscaí

Baineann na feabhsuithe ar an gCreat Faisnéise Bainistíochta (MIF) leis an gcóras RMIS den chuid is mó. I ndiaidh cleachtas bailithe teastálacha agus próiseas doiciméadaithe a bheith críochnaithe, ba é príomhfhócas an tionscadail sin do 2006 ná athfhorbairt ar an modúl buiséadaithe tionscadal a shoiléiríonn na costais a ghabhann le tionscadail taighde. Cuireadh an córas nua bainistíochta faisnéise Saotharlainne (LIMS) i bhfeidhm go hiomlán i gceithre ionad taighde.



An tUas Jim Flanagan, Stiúrthóir Teagasc mar a bhí, an Dr Tom O'Dwyer, Cathaoirleach, Teagasc, Máire Ní Chochláin T.D., Aire Talmhaíochta agus Bia, agus an tOllamh Jim Burke, Ceannaire an Aonaid Nua Bith-Theic i bPáirc na Darach, Ceatharlach.



Feirmeoirí a d'fhreastail ar Lá Oscailte Teagasc ar Bithbhreoslaí i bPáirc na Darach, Ceatharlach.

Clár Caiteachais Chaipitiúil 2006	
Áiseanna Taighde i bPáirc na Darach	€1.1m
Bleán / Áiseanna Oiliúna, Coláiste Chill an Daltúnaigh	€0.375m
Ionad Oiliúna Bhaile an Ásaigh agus Saotharlann Chaisleán Bhaile Eoin	€0.250m
Mion-Tionscadail Chaipitiúla	€1.1m
Deisiúcháin agus Cothabháil	€0.67m
Caiteachas Iomlán	€2.7m



Tom Kirley, Stiúrthóir Gníomhach, Teagasc, agus Billy Nagle, Cathaoirleach Choiste na Talmhaíochta, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS), in éineacht le Kaushal Kothari, Anad, Iarthar na hIndia, a bhuaigh gradam Teagasc 'Taighdeoir Óg na Bliana' 2006



### Scéim Chomhaltachta Walsh

Cuireann scéim Chomhaltachta Walsh deontais ar fáil do mhic leinn iarchéime roghnaithe chun go dtig leo obair a dhéanamh ar thionscadail a bhaineann le clár taighde Teagasc fad atá siad ag staidéar chun iarchéim a bhaint amach. Ní hamháin go dtugann na comhaltachtaí sin deiseanna oiliúna taighde d'eolaithe óga, ach cuidíonn siad leo a bheith i dteagmháil le coláistí tríú leibhéal, eolaíocht nua a thabhairt isteach go Teagasc agus cur le hacmhainn taighde na heagraíochta.

Tá maoiniú á dhéanamh ar 183 comhaltacht san iomlán, thosaigh 58 in 2006 agus bhí 125 ann ón mbliain roimhe sin. A bhuíochas do chóras TF uasghrádaithe agus córas iarratais ar líne beifear in ann a bheith níos éifeachtaí agus níos críochnúla maidir le cúrsaí riaracháin. Méadaíodh ar an stipinn a bhronntar ar chomhaltá Walsh ó €17,000 go €21,000 i Mí na Nollag 2006, le heifeacht ó Eanáir 2007. Leathnaíodh Seimineár Comhaltachta Walsh 2006 chun go bhféadfadh breis mac léinn a bheith rannpháirteach, agus tairgeadh ábhar boslcaireachta nua. Léiríodh a luachmhaire is atá Scéim Chomhaltachta Walsh do Teagasc agus do thionscal an agrabhia le luacháil a rinne comhairligh sheachtracha uirthi.

### AN STIÚIRTHÓIREACHT RIARACHÁIN

#### An Clár Caipitiúil

Fuair Teagasc réidh le barrachas sócmhainní i gcaitheamh 2006, ina measc teach cónaithe i gCill Mháille, Inis, Co. an Chláir agus teach i gColáiste Chill an Dáltúnaigh. Bhí díol na talún i mBaile Átha an Rí tagtha fad le céim an chonartha faoi dheireadh Mhí na Nollag 2006. Bhí caiteachas €2.7m sa chlár caipitiúil (gan TFC san áireamh) in 2006.

Chuimsigh sé sin tionscadail mhóra ar nós oifigí don fhoireann taighde i bPáirc na Darach (€1.1m agus trealmhú san áireamh), áiseanna nua blite/oiliúna i gColáiste Chill an Dáltúnaigh (€0.375m), Ionad Oiliúna Bhaile an Ásaigh agus Saotharlann Chaiselán Bhaile Sheáin a chríochnú (€0.250m).

Caitheadh €1m ar thionscadail níos lú i raon leathan áiteanna. Caitheadh €0.67m ar dheisiúcháin agus cothabháil ar shealúchais atá ann faoi láthair.

#### Seirbhísí Foirgnimh agus Seirbhísí Teicniúla

Sholáthair foireann na Seirbhísí Foirgnimh agus na Seirbhísí Teicniúla seirbhísí teicniúla chun tionscadail chaipitiúla mhóra agus bheaga a bhí faofa agus arbh fhiú breis agus €3m iad a chríochnú. Forbraíodh prótacail, r-thairiscintsan áireamh, i gcomhair diúscairt agus sealbhú na sealúchas uile. Bunaíodh grúpaí stiúrtha campais chun mórthionscadail chaipitíochta a mhaoirsiú sa Ghráinseach, ar an gCloch Liath agus i gCaisleán Bhaile Sheáin. Tugadh tosaíocht d'fheabhsú na timpeallachta foirgníochta laistigh den eagraíocht, ina measc rochtain agus feidhm na bhfoirgneamh a uasghrádú, éifeachtacht úsáid an fhuinnimh a fheabhsú; agus na cleachtais maidir le bainistíocht dramhaíola a optamú.

I ndiaidh athshuí agus athstruchtúru a bheith déanta ar an gCeannoifig ba léir gur fheabhsaigh raon agus cáilíocht na seirbhísí a cuireadh ar fáil in 2006. Críochnaíodh uasghrádú an infreastruchúir TFC sna hIonaid Taighde agus sna Coláistí uile i gcaitheamh 2006, agus bhí an obair sna hionaid chomhairliúcháin curtha i gcrích faoi Fheabhra 2007.

Roghnáíodh Core Personnel mar chóras HRIT in Acmhainní Daonna, agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar aistriú agus tástáil na sonraí. Chuaigh córas párolla Core ag obair in éineacht leis an rannóg Airgeadais agus comhthreomhar leis an gcóras reatha faoi dheireadh 2006, agus bhí an córas nua beo i gceart i bhFeabhra 2007.

Críochnaíodh Straitéis Oiliúna agus Forbartha in Oideachas Bainistíochta agus táthar á fheidhmiú tríd an Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne agus tríd an Roinn AD. Tá cuid mhór den straitéis AD i bhfeidhm, tá an t-iniúchadh inmheánach ag druidim i dtreo bhliain a dó dá phlean trí bliana, agus tá tús curtha leis an bpleanáil do straitéis athnuaite TFC.

Tionóladh trí chruinniú déag den Údarás in 2006 agus shínigh an Cathaoirleach na miontuairiscí oifigiúla uile. Rinneadh na fáiltais a bhí de dhíth faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, maidir le baill an Údarás agus foireann ainmnithe. Earcaíodh speisialtóir slándála TFC, rud a chuireann leis an acmhainneacht rialachais.

#### Acmhainní Daonna

Chuaigh Coiste Páirtíochta Náisiúnta Teagasc i mbun athbhreithniú a éascaíodh go seachtrach agus a dheimhnigh go raibh dul chun cinn sásúil á dhéanamh maidir le forbairt struchtúr Comhphairtíochta agus maidir le húsáid na Comhphairtíochta don chomhchomhairliú agus don athrú. Ghlac an Rúnaí Ginearálta leis na tuarascálacha dul chun cinn ó Teagasc mar fhíorú ar dhul chun cinn sásúil a bheith déanta maidir le nuachóiriú, ionas gurbh fhéidir na damhachtainí pá a bhí le híoc a íoc faoi chéim dheireanach Dul Chun Cinn a Chothú agus faoin gcéad chéim de I dTreo 2016.

Lean an feabhsú sna próisis earcaíochta. Chineach Údarás Teagasc an faomhadh maidir le ceapacháin ag an leibhéal iontrála ar an Stiúrthóir i Mí na Samhna 2006, go ceann bliana i dtosach.

#### Mar seo a leanas do roinnt de na tomhais gníomhaíochta sna seirbhísí AD; 2005

Cuireadh tús le seimineáir bhainistíochta dhá uair sa bhliain, a chuirfeadh leis an obair atá déanta i réimsí polasaí ar nós Ionduchtú, Promhadh, Bainistíocht Tinrimh agus Gnáis Disciplíneacha agus Chasaoide. Foilsíodh an chéad eagrán de Lámhleabhair Fhoireann Teagasc i nDeireadh fómhair 2006.

#### Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Cuireadh 2,304 moladh oiliúna thar ceann 1,135 ball foirne ar aghaidh ón gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) anuas ar phróiseas pleanála ST&D 2006. Sainithníodh agus próiseáladh moladh amháin ar a laghad i gcás 73% d'fhoireann Teagasc, rud a léiríonn oibriú chuimsitheach CBFF ar fud na heagraíochta in 2006.

Gníomhaíocht na Seirbhísí	2006	2005
Líon na gComórtas	137	95
Fostaithe buana nua	31	24
Foireann nua ar chonradh/neamhbhuan	63	44
Líon na ndaoine a Scoir	40	45
Líon a bhaineann leas as VER	12	53



Ar na nithe a thacaigh le hoibriú éifeachtach CBFF bhí: oiliúint ionduchtaithe ar CBFF, ceardlanna ar an dea-chleachtas le foirne bainistíochta, tacaíocht láithreáin ghréasáin don fhoireann agus do na bainisteoirí.

Caiteachas €563,143 a bhí ann ar oiliúint na foirne in 2006, suim a bhí cuid mhaith faoi bhun an bhuiséid. I Stiúirthóirtheacht na Seirbhísí Comhairleacha a tharla an chuid is mó den tearc-chaiteachas mar gur chuir ualach oibre breise isteach ar oiliúint na foirne. Gné amháin den oiliúint a seachadadh in 2006 ba ea an líon breise modúl in-tí a seachadadh ar bheagán costais. Bhí 65 den fhoireann rannpháirteach in oiliúint tríú leibhéal in 2006 ar chostas €190,699.

#### Iníúchadh Inmheánach

Forfheidhmíodh clár iniúchta inmheánach Teagasc do 2006 de réir mar a bhí pleanáilte, faoi stiúir an Choiste Iniúcháireachta. Mhol an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta go dtí Teagasc in 2005 gur chóir dearcadh an Iniúcháir Inmheánaigh a fháil san athbhreithniú bliantúil ar Rialacháin Airgeadais Inmheánacha ón Údarás. Leasaíodh an Chairt Iniúchta dá réir agus tuairiscíodh leis an gCoiste Iniúchta, leis an Údarás agus leis an gCoiste Bainistíochta Mí na Nollag 2006.



#### Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Rinne an Roinn TFC dul chun cinn fiúntach leis na príomhthionscadail TFC i gcaitheamh 2006. Cuireadh infreastruchtúr nua TFC ar fáil do 92% den fhoireann faoi dheireadh na bliana agus bhí an Deasc Sheirbhíse nua ag oibriú mar ba chóir. Rinneadh dul chun cinn sásúil ar na tionscadail ghnó ainneoin easnamh sa chistiú tionscadail agus cloíodh le buiséid bhliantúla na roinne.

Tá 1,300 úsáideoir ríomhairí ag Teagasc faoi láthair agus breis agus 2,000 ríomhaire in úsáid. Rinne an Grúpa Seachadta Seirbhísí cothabháil ar na ríomhairí sin, sholáthair siad taca úsáideora i gcaitheamh na bliana agus bhí siad gníomhach i mbun infreastruchtúr TFC a riar agus a cheannach. Anuas air sin rinne siad cion suntasach ar son Tionscadal Infreastruchtúir TFC agus shocraigh siad go ndéanfaí foinsiú allamuigh ar ár ndeasc seirbhíse go dtí Siemens Fujitsu.

#### Airgeadas

Seachadadh mór-uasghrádú dár gcuid bogearraí tuairiscithe airgeadais sa chéad ráithe, cuireadh an mórleabhar díolachán ar fáil d'ionaid Teagasc nach raibh sé in úsáid iontu roimhe agus d'ullmhaíomar chun duilíní íocaíochta a sheachadadh go leictreonach.



Is go leictreonach a íoctar pá agus tuarastal anois; agus is sa tslí chéanna a íoctar cnapshuim scoir nó eile agus cánacha. Bhíothas ag obair ar threoirscéim chun soláthróirí iasachta a íoc go leictreonach faoi dheireadh 2006. Athbhreithníodh na gnáis íéitigh dheireadh míosa agus feabhsaíodh iad, ionas gur cuireadh leis an tsláine sonraí agus tuairiscithe.

Sheachaid an Rannóg Airgeadais oiliúint ar an soláthar, rialachas corparáideach, Integra agus próisis deireadh bliana d'fhoireann in ionaid éagsúla Teagasc; tá dreach nua ar shuíomh Finance T-net anois, agus cuireadh tús le clár doiciméadaithe gnás na Rannóige Airgeadais.





**Talmhaíocht agus Bia 06**

Ar an 21 Meitheamh, an lá is faide sa bhliain, d'óstáil Coláiste Talmhaíochta Chill an Dáltúnaigh an ócáid ba thábhachtaí ag Teagasc in 2006. Clúdaíodh raon leathan téamaí: Barra agus na Bíth-bhreoslaí. Oideachas agus Oilíúint, an Déiríocht, an Timpeallacht, cúrsaí Eachaíochta, Foirgnimh Fheirme, Trealamh Feirmeoireachta, Bia, Foraoiseacht, Bainistíocht na Feirme agus TFC, Sláinte agus Modh Saoil, Feirmeoireacht Orgánach, Caoirigh agus Laonna Diúil, Gairneoireacht agus Forbairt na Tuaithe. Eagraíodh gach ceann de na téamaí sin i bhfoirm 'sráidbhaile'.

300 taispeántóir a bhí ann ar fad, ina measc lucht tráchtála, ceirdeanna, eagraíochtaí deonacha, agus áisinteachtaí stáit mar aon le foireann Teagasc ó gach réimse den eagraíocht. Bhí ionadaíocht ann ó na réimsí uile: an taighde eolaíochta is bunúsaí agus na teicneolaíochtaí sofheidhmithe. Bhí siad ar fad ar taispeáint agus á gcur i láthair ar bhealach tarraingteach sothuigthe.



Anuas air sin bhí deis ag táirgeoirí bia dúchais a gcuid táirgeoirí a léiriú go follasach. Bhí rogha breá de bhianna ceirde agus speisialtóireachta ar fáil i margadh feirmeoirí taobh amuigh os comhair an tigh bhreá sin, Teach Chill an Dáltúnaigh.

Bhí Teagasc an-sásta le Talmhaíocht agus Bia '06 agus bhí breis agus 40,000 cuairteoir i láthair. Bhí an t-aiseolas an-dearfach agus léiríodh ardleibhéil sástachta i measc an 200 cuairteoir sa suirbhé imeachta.



# Comhlíonadh Oibligeáidí Reachtúla

## Comhionannas

Tá Teagasc tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú dá phearsanra agus tá cláir forbartha foirne dírithe ar an gcuspóir seo a bhaint amach. Chomh maith leis sin táimid tiomanta do chur i bhfeidhm beartais Rialtais ar fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. Tá beartais faoi bhulaíocht, imeaglú agus gnéaschiapadh forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht le tacú le agus dinit gach ball foirne a chosaint.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, chuir baill d'Údarás Theagasc ráiteas leasanna ar fáil do Rúnaí an Údaráis agus tugadh cóip don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Lena chois sin, chomhlíon baill foirne Theagasc a bhfuil poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, tá ráitis sábháilteachta ullmhaithe ag Teagasc a áiríonn na fachtóirí uile a bhfuil tionchar acu ar leas foirne agus cuairteoirí. Athbhreithníodh Ráitis Sábháilteachta do shuíomh uile Theagasc in 2005 agus foilsíodh iad ar an láithreán Inlín (Tnet). Ag leanúint athbhreithnithe ar shampla de na ráitis seo, mhol an Coiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta go gcuirfear aiseolas aonair ar fáil do bhainisteoirí le linn dóibh a ráitis do 2006 a ullmhú. Eagraíodh seisiún faisnéise do bhaill foirne faoi Ráitis Sábháilteachta agus i mí na Samhna eagraíodh seimineár do bhainisteoirí sinsearach faoina bhfreagrachtaí faoin Acht Sláinte agus Sábháilteachta 2005.

Rinneadh iniúchtaí sábháilteachta sna suímh agus ar bheartais agus nósanna imeachta agus ar úsáid Feithiclí Uile-Tír-Raoin agus foilsíodh iad ar an Tnet.

### An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

STá struchtúir chomhairleacha fochoiste curtha i bhfeidhm d'fhonn tacú le próisis chumarsáide agus chomhairleacha na heagraíochta. Bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta Náisiúnta in 2005.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997

Cuireadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Samhain, 2002. Bunaíonn an tAcht 3 cheart reachtúla nua:

- ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a bheith acu ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí
  - ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil atá ag comhlacht poiblí, faisnéis a bhaineann leis/léi féin a leasú áit a bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
  - ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil do chinntí a bhaineann leis an duine féin, cinntí a rinne comhlacht poiblí.
- Déileáladh le naoi n-iarraidh faoin Acht seo i rith na bliana.

### Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, Deireadh Fómhair 2001

Ghlac Teagasc leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, a cheadaigh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001, agus tá socruithe déanta le cinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht leis an gCód i ngnéithe uile a noibriúcháin.

# Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

CLÁR	Leathanach
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	68
RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AN AIRGEADAIS	69
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS	70
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	71 -72
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	73
RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	73
CLÁR COMHARDAITHE	74
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID	75
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	76 - 86

# Tuarisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá raitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Tá raitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Tá raitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Tá ráitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán agus na nótaí gaolmhara.

**Freagrachtaí Bhaill an Udaráis agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach:**

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is í an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus Caighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim mo thuairim ar na ráitis airgeadais agus cibé acu an dtugann siad léargas fíorcheart de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé acu ar coinníodh leabhair chuntais chuí dar liom. Lena chois sin, deirim cibé acu an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár caitheadh suimeanna airgid ar na críocha a bhí beartaithe dóibh nó cás nach bhfuil na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe riachtanacha ar fad faighte agam chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais le féachaint ar chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó gan a bheith ag teacht le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráiteas airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus scrúdaím í féachaint an bhfuil sí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta.

Déanaim breithniú ar impleachtaí mo thuairisce má thugaim faoi deara go bhfuil míráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha nach dtagann leis na ráitis airgeadais.

**Bonn Tuairim na hIniúcháireachta**

Agus mé i mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le bainistiú agus oibriúcháin chomhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú ma chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna, faisnéisiú, agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a áirítear sna ráitis airgeadais. Áiríonn an t-iniúchadh chomh maith measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, mar aon le measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta d'imthosca an Údaráis, ar feidhmíodh iad go seasta agus ar nochtaiodh iad go sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh mo dhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid ba chúis leo. Le linn dom teacht ar mo thuairim, rinne mé measúnú freisin ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais ina n-iomláin

**Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas frinneach cóir, de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, ar ríocht ghnóthaí an Údaráis ag an 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Purcell**  
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**  
**29 Meitheamh 2007**

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach an Airgeadais

Tá raitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Tá raitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Tá raitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Thar ceann Údarás Theagasc, is mian liom aitheantas a thabhairt dár bhfreagracht i leith a chinntiú go gcothabháiltear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach a sholáthar agus ní dearbhú absalóideach in aghaidh earráide ábhartha, míráitis nó caillteanais. Agus éifeachtúlacht rialuithe airgeadais inmheánacha á meas, tugann an tÚdarás agus a Choiste Iniúchta aird, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá bearta curtha i gcrích ag an Údarás le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí bainistíochta, údaráis agus cuntasachta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní Theagasc a chosaint;
- cultúr de chuntasacht a fhorbairt ar leibhéal uile na heagraíochta.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó laistigh de Theagasc a aithint trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais rioscaí atá os comhair Theagasc a aithint agus méid agus catagóirí na rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha san áireamh;
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas Theagasc chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe ar leith a mheas i gcoibhneas leis an sochar a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat de thuairisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear roinnt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta ar a n-áirítear:

- córas cuimsitheach bliantúil um buiséadú agus thuairisciú airgeadais a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú agus faomhadh air;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an tÚdarás ar an straitéis trí chéile, ar phleananna gnó agus airgeadais agus ar athraitheis i gcomparáid le buiséid oibriúcháin agus chaipitil.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Teagasc, feidhm a oibríonn de réir na gceanglas atá sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus de réir na gcritéir éifeachtúlachta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Theagasc a foilsíodh in 2006. Bíonn anailís ar na rioscaí a bheadh ann do Theagasc mar chuid d'obair na hiniúcháireachta inmheánaí agus bunaítear pleananna bliantúla don iniúchadh inmheánach ar an anailís seo. Is é an Coiste Iniúchta a cheadaíonn na pleananna don iniúchadh inmheánach. In 2006 d'fhostaigh an tÚdarás saineolaí seachtracht chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchta.

Bunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais um rialú airgeadais inmheánaigh ar na foinsí seo: obair an iniúcháora inmheánaigh, obair an Choiste Iniúchta a mhaoirsionn obair an iniúcháora inmheánaigh, obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin de chuid Teagasc atá freagrach as creat rialuithe an airgeadais a fhorbairt agus a chaomhnú, agus barúlacha a thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Dearbhaím go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006.

**An Dr Tom O’Dwyer**  
**Cathaoirleach**  
**28 Meitheamh 2007**

**Dr Tom O’Dwyer**  
**Chairman**  
**28 June 2007**

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Údaráis

Faoi Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, éilítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a mbeidh faomhadh an Aire Talmhaíochta agus Bia aici le comhthoiliú an Aire Airgeadais.

Le linn na ráiteas airgeadais sin a ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta feiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leanúnach ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach glacadh leis go leanfaidh Teagasc de bheith i mbun oibre;
- aon difríochtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, seasamh airgeadais Theagasc agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na riachtanais reachtúla. Coinnítear na leabhair chuntais i gceanncheathrú an Údaráis i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Ina theannta sin tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní Theagasc a chosaint agus an méid is gá a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

<b>An Dr Tom O’Dwyer</b> <b>Cathaoirleach</b>	<b>James Brett</b> <b>Ball den Údarás</b> <b>28 Meitheamh 2007</b>
--	--

# Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha atá glactha chuige féin ag Teagasc:

## Bonn cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi réir ag coinbhinsiún an chostais stairiúil, ach go gcuirtear sócmhainní áirithe isteach ar a luach measta (féach thíos), agus i bhfoirm atá arna faomhadh ag an Aire Talmhaíochta agus Bia le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Act Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais agus úsáid á baint as modh cuntasaíochta na bhfabhrúithe agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta is coitianta. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar is infheidhmithe dóibh.

## Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas

Tógadh sócmhainní ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Foras Talúntais ar an 8 Meán Fómhair 1988 ag na luachanna deiridh a bhí i gCláir Chomhordaithe na gcomhlachtaí sin. Luaitear breiseanna ag a gcostas.

Ní dhímheastar talamh. Discríobhtar costas nó luacháil sócmhainní seasta eile atá inár seilbh trí thráthchodanna cothroma thar an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu mar seo a leanas:

Foirgnimh Feirme	20 bliain
Foirgnimh Eile	50 bliain
Gléasra agus Feithiclí	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana
Trealamh Saotharlainne agus Oifige	10 mbliana

Dímheastar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais thar théarma an léasa má tá sé seo níos giorra ná an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu.

Gearrtar dímhéas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscaíodh na sócmhainní.

## Léasanna

Déileáiltear le sócmhainní seasta a fhaightear faoi léasanna airgeadais de réir an bheartais thuasluaite faoi shócmhainní seasta. Áirítear an ghné chaipitiúil de na hoibleagáidí ciosa gaolmhara faoi dhliteanais, agus gearrtar an ghné úis ar chaiteachas thar

Gearrtar cíosanna ar léasanna oibriúcháin sa chuntas caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## Cuntas caipitil

Is ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas seo agus luach neamhamúchta cistí a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

## Stoic

Oifigigh Theagasc a chuir luach ar na stoic. Cuirtear luach ar bheostoc agus táirgí feirme ag glanluach measta inréadaithe. Cinntear glanluach inréadaithe ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe le marú. Na gnóthachain agus cailleanais a eascraíonn as na luachálacha seo, léirítear iad ina n-iomláine san ioncam oibriúcháin. Cuirtear luach ar na stoic eile ar fad ag an raon is ísle costas agus glanluach inréadaithe.

## Féichiúnaithe

Discríobhtar drochfhiacha a luaithe is a aithnítear iad agus déantar soláthar ar leith má tá amhras ann an bhfaighfear íocaíocht.

## Pinsin

Tá scéimeanna pinsin sochair shainithe ag Teagasc a fhaigheann maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar thuilleann tú ó airgead a chuirtear ar fáil dóibh, airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar fáil san áireamh, agus airgead a asbhaintear ó thuarastal bhaill na foirne.

Tugann na costais phinsin léargas ar na sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad saor ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn Teagasc. Aithnítear méid atá cothrom leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid gur féidir é a aisghabháil, agus fritháirítear deontais a fhaightear sa bhliain chun na híocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Na gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a d'eascair as dliteanais scéimeanna léirítear iad sa Ráiteas faoi Iomlán na nGnóthachan agus Cailteanas Aitheanta agus aithnítear cóigeartú ag freagairt dóibh sa mhéid is féidir a fháil ar ais ón Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhcháíochta atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Talmhaíochta agus Bia.

### Moorepark Technology Limited

Is comhfhiontar atá i Moorepark Technology Limited idir Teagasc agus comharchumainn éagsúla talmhaíochta. Tá sealúchas 57% ag Teagasc i scairchaipiteal íochta na cuideachta. Ullmhaíodh ráitis airgeadais ar leith i ndáil le Moorepark Technology Limited. Measadh nár chuí torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú. (Nóta 14).

### Airgeadra Eachtrach

Bearta a shonraítear in airgeadraí eachtracha aistrítear go Euro iad agus cuirtear sa chuntas iad de réir na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Sócmhainní airgeadúla agus dliteanais a shonraítear in airgeadraí eachtracha aistrítear go Euro iad de réir na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chlár Comhardaithe.

	Nótaí	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
<b>Ioncam</b>			
Maoiniú Stáit	2	138,228	125,392
Maoiniú an AE	3	1,314	933
Ioncam oibriúcháin	4	30,610	25,290
Maoiniú iarchurtha do phinsin	9	18,593	11,883
Barrachas ar dhíúscairt sócmhainní seasta		329	5,796
Deontais, deonacháin agus tobhaigh dheonacha		1,898	4,079
		<b>190,972</b>	173,373
<b>Caiteachas</b>			
	5	187,917	176,201
		3,055	(2,828)
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	12	(191)	(5,147)
<b>Barrachas / (Easnamh) don bhliain airgeadais</b>		<b>2,864</b>	<b>(7,975)</b>
<b>Iarmhéid ag tús na bliana</b>		<b>(1,663)</b>	<b>6,312</b>
<b>Iarmhéid ag deireadh na bliana</b>		<b>1,201</b>	<b>(1,663)</b>

## Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta

	Nótaí	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
<b>Barrachas / (Easnamh) don bhliain airgeadais</b>		<b>2,864</b>	<b>(7,975)</b>
Cailteanais ar dhliteanais scéime pinsin	9	(26,362)	(24,203)
Athruithe i mbuntoimhdí de luach reatha dliteanais na bpinsean	9	14,999	(138,630)
Cailteanas achtúireach ar dhliteanais phinsin		(11,363)	(162,833)
Maoiniú pinsin iarchurtha		11,363	162,833
<b>Gnóthachan / (Cailteanas) Aitheanta Iomlán don bhliain</b>		<b>2,864</b>	<b>(7,975)</b>

Baineann na cuntais thuas ar fad le hoibriúcháin atá fós ar siúl. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáíochta agus nótaí 1 go 25.

Dr. Tom O'Dwyer  
Cathaoirleach

Tom Kirley  
Stiúrthóir Gníomhach



# Clár Comhardaithe

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

	Nótaí	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	13	79,812	79,627
Sócmhainní airgeadais	14	2	2
		<b>79,814</b>	<b>79,629</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	16	4,964	4,475
Féichiúnaithe	17	5,219	8,362
Iarmhéideanna bainc		8,952	2,509
Taiscí gearrthréimhseacha		1,314	686
		<b>20,449</b>	<b>16,032</b>
<b>Creidiúnaithe</b> - Méideanna dlite laistigh de bhliain			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	18	14,874	16,742
Ioncam iarchurtha	19	4,370	887
Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais	20	0	4
Iasachtaí agus rótharraingt bhainc		0	60
		<b>19,244</b>	<b>17,693</b>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<b>1,205</b>	<b>(1,661)</b>
<b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh phinsin</b>		<b>81,019</b>	<b>77,968</b>
Maoiniú pinsin iarchurtha	9	962,094	932,138
Dlíteanais na bpinsean	9	(962,094)	(932,138)
		<b>0</b>	<b>0</b>
<b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha</b>		<b>81,019</b>	<b>77,968</b>
<b>Lúide</b>			
<b>Creidiúnaithe</b> – Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin			
Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais	20	0	0
Iasachtaí bainc		0	1
Dlíteanais fhadtréimhseacha eile		10	13
		<b>10</b>	<b>14</b>
<b>Glansócmhainní reatha</b>	<b>81,009</b>	<b>77,954</b>	
<b>Arna ionannú ag</b>			
Cuntas caipitil	12	79,808	79,617
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		1,201	(1,663)
		<b>81,009</b>	<b>77,954</b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáochta agus Nótaí 1 go 25.

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

	Nótaí	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
<b>Réiteach easnaimh oibriúcháin le glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Barrachas / (Easnamh) oibriúcháin		2,864	(7,975)
Dímheas	13	6,578	5,945
Aistriú chuig an gcuntas caipitil	12	191	5,147
Ús ioctha		0	1
Ús faighte		(256)	(136)
Brabús ar dhíol sócmhainní seasta		(329)	(5,796)
(Méadú) / Laghdú i stoic		(489)	1,374
Laghdú / (Méadú) i bhféichiúnaithe		3,143	(4,255)
(Laghdú) / Méadú i gcreidiúnaithe agus dliteanais fhadtréimhseacha		(1,871)	3,244
Méadú in ioncam iarchurtha		3,483	26
		<b>13,314</b>	<b>(2,425)</b>
Glan-insreabhadh airgid / (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<b>13,314</b>	<b>(2,425)</b>
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</b>			
<b>Glan-insreabhadh airgid / (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<b>13,314</b>	<b>(2,425)</b>
<b>Fáltas ar infheistíocht agus fónamh airgeadais</b>			
Ús ioctha		0	(1)
Ús faighte		256	136
		<b>256</b>	<b>135</b>
Glan-insreabhadh airgid ó fháltais ar infheistíocht agus fónamh airgeadais		<b>256</b>	<b>135</b>
<b>Gníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	13	(6,986)	(11,519)
Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní seasta inláimhsithe		552	6,264
		<b>(6,434)</b>	<b>(5,255)</b>
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		<b>(6,434)</b>	<b>(5,255)</b>
<b>Maoiniú</b>			
Aisiocaíochtaí iasachta réadmhaoine		(2)	(2)
Gné chaipitiúil d'íocaíochtaí léasa airgeadais	20	(4)	(38)
		<b>(6)</b>	<b>(40)</b>
Glan-eis-sreabhadh airgid ó mhaoiniú		<b>(6)</b>	<b>(40)</b>
<b>Laghdú / (Méadú) in airgead tirim</b>	23	<b>7,130</b>	<b>(7,585)</b>
<b>Imréiteach ghlan-sreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanchistí</b>			
Laghdú / (Méadú) in airgead tirim	23	7,130	(7,585)
Glanchistí ar an 1 Eanáir		3,136	10,721
		<b>10,266</b>	<b>3,136</b>
<b>Glanchistí an 31 Nollaig</b>		<b>10,266</b>	<b>3,136</b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáochta agus Nótaí 1 go 25.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia)

Bunaíodh Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Faoi Alt 21 den Acht, aistríodh sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Oiliúna agus Talmhaíochta agus An Foras Talúntais go Teagasc nuair a bunaíodh é.

Éilíonn Alt 12 den Acht go gcoinneofar Cuntais i bhfoirm a mbeidh faomhadh an Aire Talmhaíochta agus Bia aici le comhthoilíú an Aire Airgeadais. Tugadh an faomhadh seo ar an 14 Lúnasa 1998..

## 2 Maoiniú Stáit

An méid a thaispeántear faoin gceannteideal seo ná:

Vóta 31: Talmhaíocht agus Bia

Deontas i gcabhair do chostais ghinearálta (Deontas do chúiseanna caipitil san áireamh €5m 2005 - €4.5m)

Deontas i gcabhair chun críche aoisliúntais

Deontas i gcabhair le haghaidh acmhainní daonna

Deontas i gcabhair do thaighde bia

Deontas do chlár comhthaighde Stimulus

Deontas do phoiblíocht agus feasacht foraoiseachta

Deontas d'oiliúint sa bhforaoiseacht

	2006 €'000	2005 €'000
	<b>100,299</b>	92,167
	<b>21,719</b>	19,239
	<b>12,010</b>	11,693
	<b>3,156</b>	1,512
	<b>300</b>	81
	<b>574</b>	550
	<b>170</b>	150
	<b>138,228</b>	125,392

## 3 Maoiniú an AE

Clár Crea V

Clár Crea VI

	2006 €'000	2005 €'000
	<b>571</b>	933
	<b>743</b>	0
	<b>1,314</b>	933

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - ar leanúint

### 4 Ioncam oibríocháin

	Údarás, Ceanncheathrú agus Náisiúnta €'000	Seirbhís Chomhairleach €'000	Oiliúint agus Forbairt €'000	Taighde ar Tháirgeadh Talmhaíochta €'000	Taighde Bia €'000	2006 €'000	2005 €'000
Táillí na seirbhíse comhairlí	0	17,223	241	0	0	17,464	12,686
Táillí eile	32	1,008	1,498	2,295	2,177	7,010	6,874
Trádáil beostoic (Nóta 7)	0	0	1,164	1,580	0	2,744	2,090
Oibríocháin feirmeoireachta eile	0	0	582	1,530	11	2,123	2,085
Fáltais cheaitíní	0	0	163	153	97	413	422
Foirseacháin agus ilghnéitheach	271	118	377	78	12	856	1,133
	<b>303</b>	<b>18,349</b>	<b>4,025</b>	<b>5,636</b>	<b>2,297</b>	<b>30,610</b>	<b>25,290</b>

### 5 Caiteachas

	Údarás, Ceanncheathrú agus Náisiúnta €'000	Seirbhís Chomhairleach €'000	Oiliúint agus Forbairt €'000	Taighde ar Tháirgeadh Talmhaíochta €'000	Taighde Bia €'000	2006 €'000	2005 €'000
Pá (Nóta 8)	5,128	37,953	13,211	20,993	9,738	87,023	80,943
Pinsín (Nóta 9)	50,632	0	0	0	0	50,632	43,626
Taisteal agus cothabháil	762	3,801	823	1,177	464	7,027	7,110
Costais oibríocháin ghinearálta (Nóta 6)	6,752	4,780	4,709	7,057	6,452	29,750	31,349
Muirir úis agus léasa	18	0	0	1	0	19	76
Dimheas (Nóta 13)	757	956	954	2,448	1,463	6,578	5,945
Deontais do choláistí príobháideacha (Nóta 15)	0	0	4,434	0	0	4,434	4,762
Deontais eile	119	14	513	1,152	656	2,454	2,390
	<b>64,168</b>	<b>47,504</b>	<b>24,644</b>	<b>32,828</b>	<b>18,773</b>	<b>187,917</b>	<b>176,201</b>

6 Anailís ar chostais oibríocháin ghinearálta

	Údarás, Ceanncheathrú agus Náisiúnta	Seirbhís Chomhairleach	Oiliúint agus Forbairt	Taighde ar Tháirgeadh Talmhaíochta	Taighde Bia	2006 €'000	2005 €'000
Soláthairtí/seirbhísí feirmeoireachta	38	1	1,088	1,868	8	3,003	3,338
Cothabháil / deisiúcháin	537	874	1,217	1,356	1,405	5,389	6,029
Cíosanna/rátaí/árachais	33	752	402	770	365	2,322	2,185
Postas/teileafóin	765	1,191	188	241	139	2,524	2,237
Cumhacht/breosla/peitreal	50	542	511	798	406	2,307	1,866
Soláthairtí saotharlainne	1,092	22	14	551	2,352	4,031	3,154
Priontáil/stáiseanoireacht/poiblíocht	1,606	689	338	167	223	3,023	3,207
Soláthairtí seimneáir/seomra ranga/leabharlainne	11	279	215	150	431	1,086	1,158
Seirbhísí gníomhaireachtaí seachtracha	0	199	4	169	81	453	543
Soláthairtí ceantain mac léinn agus ball foirne	0	2	434	137	126	699	778
Soláthairtí/seirbhísí TFC	1,917	102	37	88	64	2,208	3,968
Táilí dlí/gairmití (Nóta 10)	703	49	49	176	126	1,103	1,222
Costais ilghnéitheacha na gclár	0	33	131	572	668	1,404	1,390
Ilghnéitheach	0	45	81	14	58	198	274
	6,752	4,780	4,709	7,057	6,452	29,750	31,349

	2006 €'000	2005 €'000
<b>7 Barrachas trádála beostoic</b>		
Díolacháin	2,677	2,596
Deontais agus fóirdheontais	559	857
Ioncam iomlán ó thrádáil beostoic	3,236	3,453
Stoc tosaigh	3,666	4,072
Ceannacháin	993	957
Lúide: Stoc deiridh	4,659 (4,167)	5,029 (3,666)
Costas iomlán díolachán beostoic	492	1,363
Barrachas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais (Nóta 4)	2,744	2,090
<b>8 Foireann</b>		
Seo a leanas an meánlíon foirne a fostaíodh i rith na bliana:	2006	2005
Gairmiúil	790	762
Teicniúil	208	221
Riarachán/cléireachas	290	279
Feirm/teaghlaigh	310	317
	1,598	1,579

9 Aoisliúntas

Forálann Alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 do bhunú scéimeanna do dheonú sochar aoisliúntais maidir le baill foirne ceaptha ag Teagasc agus baill foirne aistrithe chuig Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Foras Talúntais.

Go dtí go ndéanfaidh an tAire Talmhaíochta agus Bia, an tAire Airgeadais agus an tOireachtas dréacht-scéimeanna aoisliúntais a fhaomhadh, reachtálann Teagasc scéimeanna aoisliúntais ar bhonn riaracháin.

Lena chois sin tá Teagasc i mbun riaracháin ar dhá scéim aoisliúntais (Scéim Aoisliúntas Ball Foirne na gColáistí Talmhaíochta, 1985 agus Scéim Pinsin Ranníocaigh Talmhaíochta Céilí agus Leanaí na gColáistí Talmhaíochta, 1985) i leith ball foirne ar leith a bhí fostaíthe ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, agus is é an Státchiste atá freagrach as costas na dtuarastal sin trí ghníomhaireacht Theagasc.

Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe iad na scéimeanna thuasluaite. Ní choimeádtar ciste ar leith, agus ní choinnítear sócmhainní, chun íocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú. Taispeántar meastachán achtúireach ar dhliteanais todhcháiocha atá ag fabhrú i leith sochar todhcháiocha sa Chlár Comhardaithe.

**Costais aoisliúntais**

Ba é an meánlíon pinsean míosúil a íocadh i rith na bliana 1,382 (2005 -1,326).

**Sochair aoisliúntais**

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtáí FRS17 ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun riachtanais FRS17 a chur san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas ag an 31 Nollaig 2006.

The financial assumptions used to calculate liabilities under FRS17 are as follows:	2006 % in aghaidh na bliana	2005 % in aghaidh na bliana
Méadú sa ráta boilscithe	2.25	2.25
Méadú sa ráta boilscithe	3.50	3.50
Méadú sa ráta pinsin	3.50	3.50
Ráta lascaire na ndliteanas scéime	4.60	4.10

Bunaithe orthu seo agus toimhdí eile agus an modh aonaid réamh-mheasta luaite i FRS17 a chur i bhfeidhm, seo a leanas luach reatha dhliteanas na scéime pinsin:

	2006 €'000	2005 €'000
Dliteanas charntha i leith baill ghníomhacha scéime	405,492	429,013
Dliteanas i leith pinsinéirí reatha agus pinsin iarchurtha	556,602	503,125
Dliteanas fabhráithe iomlán pinsin	962,094	932,138

Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean sa bhliain

	2006 €'000	2005 €'000
Maoiniú ar féidir a fháil ar ais maidir le pinsin na bliana reatha	54,994	47,731
Maoiniú a cuireadh i leataobh chun pinsin a íoc	(36,401)	(35,848)
	18,593	11,883

Anailís ar chostas iomlán na bpinsean a gearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais

	2006 €'000	2005 €'000
Costas seirbhíse reatha	17,017	7,669
Ús ar dhliteanas scéime	37,977	34,549
Costas iarsheirbhíse, socruithe agus ciorrúcháin	0	5,513
Ranníocaíochtaí foirne	(4,362)	(4,105)
	50,632	43,626

Gluaiseacht i nglandliteanas pinsean i rith na bliana airgeadais

	2006 €'000	2005 €'000
Glandliteanas pinsean ar an 1 Eanáir	932,138	753,564
Costas seirbhíse reatha	17,017	7,669
Sochair a íocadh	(36,401)	(31,990)
Costas iarsheirbhíse, socruithe agus ciorrúcháin	0	5,513
Ús ar dhliteanas scéime	37,977	34,549
Caillteanas achtúireach	11,363	162,833
	962,094	932,138

Anailís ar stair na ngnóthachán agus na gcaillteanas ó thaithí	2006 €'000	2005 €'000	2004 €'000
Gnóthachain agus caillteanas ó thaithí	(26,362)	(24,203)	(11,017)
Céatadán de luach reatha dliteanas scéime	2.7%	2.6%	1.5%
Athruithe i dToimhdí	14,999	(138,630)	(67,967)
Céatadán de luach reatha dliteanas scéime	2.6%	14.9%	9.0%
Caillteanas achtúireach aitheanta sa STRGL	(11,363)	(162,833)	(78,984)

#### Sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin

Aithníonn Teagasc sócmhainn mar mhéid comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin bunaithe ar an sraith toimhdí a ndearnadh cur síos orthu thuas agus líon na n-imeachtaí a tharla roimhe sin. I measc na n-imeachtaí seo tá an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí, ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil i dtaobh na méideanna áirithe seo leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, níl fianaise ar bith ag Teagasc nach leanfar leis an mbeartas maoinithe seo d'fhonn suimeanna dá leithéid a íoc mar a dhéantar faoi láthair. Bhí an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin cothrom le 962 milliún ag an 31 Nollaig 2006 (2005 - 932 milliún).

#### 10 Táille iniúchta

Áiríodh soláthar de 49,500 sa chaiteachas i leith luach saothair an iniúcháir do 2006 (2005 - 49,500).

#### 11 Táilli agus luacha saothair an Údarás

Íocadh na luacha saothair seo a leanas do bhaill den Údarás:	2006 €'000	2005 €'000
Cathaoirleach	25	15
Baill eile den Údarás	131	91
	156	106

Áirítear na méideanna seo sa chaiteachas pá iomlán a áirítear faoi Nóta 5 thuas.

#### 12 Cuntas caipitil

	2006 €'000	2005 €'000
Iarmhéid an 1 Eanáir	79,617	74,470
Aistriúcháin ón gcuntas ioncaim agus caiteachais		
Méid caipitilhe i leith sócmhainní ceannaithe	6,986	11,519
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	(223)	(467)
Aisíocaíochtaí iasachta réadmhaoine	2	2
Gné chaipitilhe d'íocaíochtaí i leith sócmhainní léasaithe	4	38
	6,769	11,092
Lúide: Amúchta ar aon dul le dímhéas sócmhainní	(6,578)	(5,945)
	191	5,147
Iarmhéid an 31 Nollaig	79,808	79,617

**13 Sócmhainní seasta inláimhsithe**

	Talamh	Foirgnimh	Gléasra & Trealamh	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>Costas nó luacháil</b>				
Ag tús na bliana	5,810	82,392	50,744	138,946
Breiseanna	0	2,236	4,750	6,986
Diúscairtí	0	(168)	(518)	(686)
Ag deireadh na bliana	5,810	84,460	54,976	145,246
<b>Dímheas carntha</b>				
Ag tús na bliana 0	0	26,101	33,218	59,319
Muirear don bhliain	0	1,985	4,593	6,578
Diúscairtí	0	(36)	(427)	(463)
Ag deireadh na bliana 0	0	28,050	37,384	65,434
<b>Glanmhéideanna sna leabhair</b>				
Ag tús na bliana	5,810	56,291	17,526	79,627
Ag deireadh na bliana	5,810	56,410	17,592	79,812

San áireamh sna hiarmhéideanna tosaigh tá 612.3 heicteár talún (1,513 acra) aistrithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag luachanna ainmniúla, agus athluacháladh sócmhainní áirithe eile ag an 31 Nollaig 1975 nó an 1 Iúil 1980.

Tá Teagasc ag baint úsáide as 85 heicteár (210 acra) talún faoi úinéireacht na Roinne Talmhaíochta & Bia, agus tá an Roinn ag baint úsáide as 16.2 heicteár (40 acra) atá faoi úinéireacht Theagasc. Níl muirear ar bith ar cheachtar páirtí de thoradh na socruithe seo.

Tá sócmhainní seasta áirithe a tugadh ar iontaoibh do Theagasc arna gcosaint le reacht, agus dá réir sin ní féidir iad a dhíol.

Áirítear faoi ghlanluach leabhar na sócmhainní na méideanna seo a leanas i leith sócmhainní atá ar léas:

	2006	2005
	€'000	€'000
Gléasra agus trealamh: Iarmhéid an 31 Nollaig	0	0
Seo a leanas an muirear dímheasta ar na sócmhainní sin don bhliain	0	39

**14 Sócmhainní airgeadais**

Tá sealúchas 57% ag Teagasc sa scairchaipiteal íochta de Moorepark Technology Limited (5,100 scair ag €0.127). Is comhfhiontar atá sa Chuideachta, a ion praíoar an 18 Eanáir 1991, idir Theagasc agus chomharchumainn talmhaíochta éagsúla.

Tá ráitis airgeadais ar leith ullmhaithe i leith na Cuideachta agus seo a leanas na torthaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006:

	2006	2005
	€'000	€'000
Láimhdeachas	1,204	1,108
Brabús oibriúcháin roimh dhímheas, ús agus cáin	190	185
Dímheas (glan ar dheontais amúchta)	(182)	(156)
Ús faighte	8	8
Cáin	0	0
Brabús oibriúcháin roimh dhímheas, ús agus cáin	16	37
Caillteanais charntha go dtí an 31 Nollaig	(9)	(25)

Forálann Meamram Comhlachais na Cuideachta go bhfuil páirtithe leasmhara i dteideal leas a bhaint as seirbhísí na Cuideachta ag rátaí fabhracha.

Seo a leanas na hidirbhearta trádála a bhí idir Theagasc agus Moorepark Technology Limited (a áiríonn comhairleacht, anailísí agus úsáid áiseanna teicniúla agus áiseanna eile):

	2006	2005
	€'000	€'000
Díolacháin Moorepark Technology Limited le Teagasc (san áireamh sa láimhdeachas)	269	101
Forchúitímh eile ó Theagasc (asbhainte ó chostas díolachán)	4	17
Iomlán	273	118
Iarmhéid neamhíochta an 31 Nollaig	0	39
Díolacháin Theagasc do Moorepark Technology Limited	116	159
Iarmhéid neamhíochta an 31 Nollaig	22	124

Faoi théarmaí Chomhaontú Thionscnóirí Moorepark Technology Limited tá geallta ag Teagasc riachtanais áirithe foirne a chur ar fáil le haghaidh Moorepark Technology Limited as a chuid acmhainní féin agus ina theannta sin go ndéanfaidh siad forchostais na Cuideachta a fhrithghealladh maidir le fóntais, stórais, cuntais agus eisilteach. Seo a leanas na costais a bhí i gceist:

	2006	2005
	€'000	€'000
Foireann	162	180
Táillí eile	105	112

Áirítear na hiomláin seo i gcaiteachas Theagasc faoi Thaighde Bia (Nótaí 5 agus 6).

Úsáideann Moorepark Technology Limited sócmhainní, ar le Teagasc iad, mar seo a leanas:

	2006	2005
	€'000	€'000
Costais tosaigh	1,196	1,196
Glanluach Leabhar an 31 Nollaig	161	228

Áirítear na méideanna seo faoi Ghléasra agus Trealamh (féach ar Nóta 13 thuas).

De réir Chomhaontú na dTionscnóirí, tá a halla próiseála reatha ag Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha mar aon le suíomh taobh leis, ar a bhfuil áiseanna breise tógtha ag an gCuideachta, tugtha ar léas do Moorepark Technology Limited ar chíos ainmniúil de €127 in aghaidh na bliana.

Níor measadh é bheith feiliúnach torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú.

Tá trí cinn d'infheistíochtaí beaga ag Teagasc i gcomharchumainn talmhaíochta atá cothrom le €1,243 ar fad (2005 - €1,243).

### 15 Coláistí Príobháideacha

Tugann Teagasc tacaíocht do cheithre coláistí príobháideacha mar seo a leanas:

	2006 €'000	2005 €'000
Deontais do choláistí príobháideacha	4,434	4,762
Baill foirne ar iasacht ag coláistí príobháideacha (áirítear iad seo sa chaiteachas. pá iomláin faoi Nóta 5 thuas)	535	511
	<u>4,969</u>	<u>5,273</u>

Coigeartaíodh figiúir chomparáideacha 2005 ó na figiúir a taispeánadh sna ráitis airgeadais a foilsíodh don bhliain sin i ngeall ar mhíreanna caiteachais a athaicmiú.

### 16 Stoic

	2006 €'000	2005 €'000
Beostoc	4,167	3,666
Táirgí feirme, leasacháin agus stoic bheathaithe	547	497
Soláthairtí ginearálta 2	250	312
	<u>4,964</u>	<u>4,475</u>

### 17 Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

	2006 €'000	2005 €'000
Féichiúnaithe trádála	2,860	2,761
Féichiúnaithe eile, réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	2,359	5,601
	<u>5,219</u>	<u>8,362</u>

Beidh na méideanna uile a luaitear thuas dlite laistigh de bhliain.

### 18 Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain

	2006 €'000	2005 €'000
Creidiúnaithe trádála	2,757	5,984
Cáin ioncaim asbhainte de réir ÍMAT	1,504	1,421
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	637	533
Cáin bhreislúacha	74	225
Cáin shiarchoinneálach	157	127
Creidiúnaithe eile agus fabhrúithe	9,745	8,452
	<u>14,874</u>	<u>16,742</u>
Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach atá san áireamh thuas	<u>2,372</u>	<u>2,306</u>

### 19 Ioncam iarchurtha

Déantar taighde a fhaigheann maoiniú poiblí de réir conarthaí le hInstitiúidí Stáit eile, an Roinn Talmhaíochta agus Bia ach go háirithe.

Ag an 31 Nollaig bhí foinse agus méid an ioncaim iarchurtha cothrom le:

	2006 €'000	2005 €'000
An Roinn Talmhaíochta agus Bia – airleacain d'anailísí	4,252	769
Foras Eorpach na hEolaíochta – Feachtas Bolscaireachta Sábháilteachta Bia	118	118
	<u>4,370</u>	<u>887</u>

### 20 Léasanna airgeadais

Ba iad na muirir airgeadais a tabhaíodh le linn na bliana faoi na léasanna airgeadais ná €834 (2005 - €3,086).

	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
Laistigh de bhliain amháin	0	4
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	0	0
Tar éis cúig bliana	0	0
	<u>0</u>	<u>4</u>
Ag an 31 Nollaig 2006 ní raibh aon tiomantais ag Teagasc a bheith páirteach i léasanna airgeadais ar bith eile (2005 - dada).		
Seo a leanas an ghluaiseacht a bhí in oibleagáidí léasa airgeadais:	2006 €'000	2005 €'000
Iarmhéid an 1 Eanáir	4	42
Léasanna airgeadais nua	0	0
Gné chaipitiúil d'íocaíochtaí léasa airgeadais	(4)	(38)
	<u>0</u>	<u>4</u>
Oibleagáidí an 31 Nollaig		

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - ar leanúint

## 21 Tiomantais chaipitiúla

Bhí tiomantais chaipitiúla gan ioc ag an 31 Nollaig 2006 cothrom le €1.68 milliún (2005 - €3.39 milliún).

## 22 Léasanna oibriúcháin

Ag an 31 Nollaig 2006 bhí tiomantais bhliantúla ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin nárbh fhéidir a chealú, mar seo a leanas:

	Talamh Gléasra €'000	Foirgnimh & Trealamh €'000	Iomlán €'000
Léasanna atá ag dul in éag:			
Laistigh de bhliain amháin	0	21	21
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	122	57	179
Tar éis cúig bliana	170	0	170
	<u>292</u>	<u>78</u>	<u>370</u>

## 23 Anailís ar athruithe sna glanchistí i rith na bliana

	1 Eanáir 2006 €'000	Sreabhanna Airgid €'000	31 Nollaig 2006 €'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	2,509	6,443	8,952
Rótharraingt bhainc	(59)	59	0
Taiscí gearrthréimhseacha	686	628	1,314
Ag deireadh na bliana	<u>3,136</u>	<u>7,130</u>	<u>10,266</u>

## 24 Bail an Údaráis – nochtadh idirbheart

Tá glactha ag an Údarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte atá eisiithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasa ó bhaill den Údarás agus chloigh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh idirbhearta ar bith i rith na bliana i ndáil le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag ball ar bith den Bhord iontu.

## 25 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ar an 4 Aibreán 2007.